**Roinn Cumarsáide,**
**Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha**
Department of Communications,
Energy & Natural Resources

# Tuarascáil Bhliantúil 2015



www.dcenr.gov.ie

Roinn Cumarsáide,
Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
Department of Communications,
Energy & Natural Resources

Is féidir leagan Gaeilge agus leagan Béarla den Tuarascáil Bhliantúil a íoslódáil ó www.dccae.gov.ie

Roinn Cumarsáide,
Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
Department of Communications,
Energy & Natural Resources

# Ráiteas Misin na Roinne

Is é ár misean ná forbairt bonneagair agus margaí cumarsáide agus fuinnimh, a thacaíonn le forbairt eacnamaíochta agus shóisialta inbhuanaithe, a éascú, forbairt na n-earnálacha craoltóireachta poiblí agus príobháideacha a chur chun cinn, leas a bhaint as ár n-acmhainní nádúrtha ar bhealach táirgiúil agus ar bhealach a bheidh freagrach ó thaobh an chomhshaoil de, dul sa tóir ar na torthaí is fearr d'Éirinn ag fóraim AE agus idirnáisiúnta agus oibriú mar Roinn, taobh istigh de Státseirbhís aontaithe, ar an mbealach is táirgiúla d'fhonn soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán do shaoránaigh a chinntiú.

## Ár Luachanna

Beidh na luachanna a leagtar amach sa Phlean Athnuachana don Státseirbhís mar bhonn agus mar thaca ag seachadadh na spriocanna agus na gcuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo:

- Sainmheon daingean neamhspleáchais, ionracais, neamhchlaontacha, comhionnanais, cothromais agus measa sa tseirbhís phoiblí
- Cultúr cuntasachta, éifeachtúlachta agus luach ar airgead
- Ardchaighdeáin gairmiúlachta, ceannasaíochta agus déine.

Roinn Cumarsáide,
Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
Department of Communications,
Energy & Natural Resources

## Clár an Ábhair


**Ráiteas Misin na Roinne 4**

**Réamhrá an Aire 7**

**Ráiteas an Ard-Rúnaí 9**

**Príomh-Aschuir na Roinne sa bhliain 2015 11**

**Cuspóir Ardleibhéil 1 – Cumarsáid 17**

**Cuspóir Ardleibhéil 2 – Craoltóireacht 28**

**Cuspóir Ardleibhéil 3 – Post 32**

**Cuspóir Ardleibhéil 4 – Fuinneamh 34**

**Cuspóir Ardleibhéil 5 – Acmhainní Nádúrtha 44**

**Cuspóir Ardleibhéil 6 – Bainistíocht Chorparáideach 56**

**Aguisín A: Struchtúr na Roinne 59**

**Aguisín B: Vóta 29 – 2015 Meastacháin agus Caiteachas Sealadach 61**

**Aguisín C: Reachtaíocht 64**

**Aguisín D: Údaruithe Peitriliam a deonaíodh 66**

**Aguisín E: Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne 68**

**Aguisín F: Comhlachtaí Stát-tionscanta Tráchtála 72**

**Aguisín G: Innéacs na nAcrainmneacha 74**

Roinn Cumarsáide,
Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
Department of Communications,
Energy & Natural Resources

## Réamhrá an Aire

Is cúis áthais dom an tuarascáil bhliantúil seo ar ghníomhaíochtaí na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i gcaitheamh 2015 a chur i láthair.

Tuairiscítear anseo gníomhaíochtaí agus éachtaí na Roinne i gcaitheamh 2015 ó thaobh na cuspóirí, straitéisí agus spriocthorthaí ardleibhéil a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise 2015 go 2017 a bhaint amach.

Ba mhór an onóir gur ceapadh mar Aire mé i mí na Bealtaine 2016 i Roinn atá lárnach ó thaobh beartais agus cláir a bhfuil tábhacht straitéiseach náisiúnta leo a sheachadadh, agus a bhfuil ról mór aige inár bhforbairt gheilleagrach náisiúnta.

I ndiadh an olltoghcháin, d'fhógair an Rialtas nua athruithe ar roinnt Aireachtaí, rud a fhágann go mbeidh feidhmeanna comhshaoil agus athraithe aeráide na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil á n-aistriú go dtí an Roinn seo. Tá an tOrdú um Aistriú Feidhmeanna, a thabharfaidh éifeacht reachtúil dó seo, á thabhairt chun críche faoi láthair agus tiocfaidh sé in éifeacht go luath. An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil an teideal a bheidh ar an Roinn nua.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an iar-Aire Alex White agus leis an Aire Stáit Joe McHugh T.D. as ucht ceannaireacht pholaitiúil a chur ar fáil agus obair na Roinne a mhaoirsiú in 2015.

Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt d'obair fhoireann na Roinne i rith 2015 agus buíochas a ghabháil leo as ucht a dtiomantais agus a gcuid iarrachtaí a d'fhág go ndearnadh dul chun cinn suntasach i ngach réimse de raon leathan freagrachtaí na Roinne.

Tá mé ag tnúth le bheith ag obair le mo chomhghleacaí, an tAire Stáit Seán Kyne T.D, chun na gealltanais atá i gClár an Rialtais, agus an clár oibre beartais tábhachtach a bheidh roimh an Rialtas sna blianta atá amach romhainn, a chomhlíonadh.

Denis Naughten, T.D.

**An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha**

Roinn Cumarsáide,
Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
Department of Communications,
Energy & Natural Resources

## Ráiteas an Ard-Rúnaí

Leagtar amach sa tuarascáil na mór-réimsí gníomhaíochta agus an dul chun cinn suntasach a rinneadh in 2015 ar fud na n-earnálacha a bhfuil an Roinn freagrach astu – Cumarsáid, Craoltóireacht, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha. Cuirtear achoimre ar fáil ar na príomhthorthaí in 2015 chomh maith le buaicphointí na gclár faoi gach ceann de na straitéisí agus cuspóirí ardleibhéil sa Ráiteas Straitéise.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas láidir na foirne sa Roinn agus a chur in iúl gur mór agam díograis ghníomhaireachtaí agus chuideachtaí Stáit na Roinne agus an dea-chaidreamh atá againn leo. Tá ról mór ag na gníomhaireachtaí agus cuideachtaí sin ó thaobh beart a dhéanamh de réir ár mbriathair i bpríomhréimsí straitéiseacha agus beartais.

Tá mé ag tnúth le bheith ag obair lenár bhfoireann, lenár gcuid gníomhaireachtaí agus lenár gcuid páirtithe leasmhara chun príomhthosaíochtaí na Roinne a chur chun cinn in 2016.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an iar-Aire Alex White agus leis an Aire Stáit Joe McHugh T.D. as ucht a dtacaíochta agus as ucht a gceannaireachta ar an Roinn in 2015.

Tá mé ag tnúth le bheith ag obair leis an Aire Denis Naughten T.D. agus leis an Aire Stáit Seán Kyne T.D. mar Ard-Rúnaí ar roinn athchumraithe – an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil – agus príomhghealltanais i gClár an Rialtais a chomhlíonadh.

Beidh an Roinn ag ullmhú Ráiteas Straitéise i mbliana don Roinn nua. Cuirfear an Ráiteas Straitéise sin faoi bhráid an Aire lena fhaomhadh.

**Mark Griffin**

Roinn Cumarsáide,
Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
Department of Communications,
Energy & Natural Resources

**An tArd-Rúnaí**

# Príomh-Aschuir na Roinne sa bhliain 2015

## Cumarsáid

- Ag deireadh 2015, bhí méadú 0.3% tagtha ar an líon úsáideoirí sa mhargadh leathanbhanda teaghlaigh le hais 2014. Bhí 1.7 milliún duine ag baint úsáid as faoi dheireadh na bliana. Bhí líon na n-úsáideoirí leathanbhanda tí in Éirinn (fosaithe agus soghluaiste), ag 83%, níos airde ná meán an AE28, 80%, faoi dheireadh 2015.

- Tá an earnáil teileachumarsáide tráchtála tar éis níos mó ná €2 billiún a infheistiú in uasghrádú líonraí agus i seirbhísí feabhsaithe ó 2012 i leith agus tá fáil ag thart ar 1.2 milliún den 2.3 milliún áitreabh in Éirinn anois ar sheirbhísí ardluais de 30mbps ar a laghad.

- Tá an Roinn fós ag déanamh dul chun cinn ar Phlean Leathanbhanda Náisiúnta (PLN) an Rialtais. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná idirghabháil a mhaoineoidh an Stát chun a chinntiú, maidir le ceantair sa tír nach mbainfidh tairbhe as infheistíocht thionscal na teileachumarsáide i seirbhísí ardluais, go mbeidh fáil acu sin freisin ar sheirbhís leathanbhanda ardluais a bheidh nua-aimseartha agus iontaofa. Thug an Roinn faoi chomhairliúcháin iomadúla ar an Straitéis Idirghabhála in 2015 agus d'fhoilsigh sí an straitéis uasdátaithe i mí na Nollag 2015. Seoladh an próiseas soláthair ar an 15 Nollaig, chomh maith leis an Léarscáil Leathanbhanda Ardluais uasdátaithe.

- Leanadh ar aghaidh le feidhmiú céimneach Scéim na nDearbhán um Thrádáil ar Líne ar fud na tíre, i gcomhar leis an 31 Oifig Fiontair Áitiúil agus Fiontraíocht Éireann. Ar an iomlán, faoi dheireadh 2015, bhí dearbháin bronnta ar 1,770 gnóthas beag chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt a gcumais trádála ar líne. Tá tionchar dearfach ag an scéim agus tá sí ag mealladh iarratas óna lán earnálacha éagsúla lena n-áirítear miondíol, ealaíona, ceardaíocht agus dearadh, déantúsaíocht, bia, agus seirbhísí gairmiúla.

- Choinnigh clár *TairFe* air ag soláthar oiliúint i scileanna digiteacha do shaoránaigh ag níos mó ná 700 láthair ar fud na tíre. Reáchtáladh an clár seo i gcomhpháirt le 46 eagraíocht phobail, dheonach agus neamhbhrabúis. Cuireadh 140,000 áit oiliúna ar fáil idir seoladh an chláir in 2008 agus deireadh 2015.
- Agus infheistíocht an Stáit i nascacht leathanbhanda ardluais i ngach scoil dara leibhéal mar dhúshraith faoi, seoladh clár na gCrann Taca Digiteach Scoile i mí na Samhna 2015. Cuireann sé ardán ar fáil chun daltaí agus scoileanna a spreagadh, agus tacaíocht a thabhairt dóibh, chun úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha le dul i bhfeidhm ar an scoil agus ar an bpobal níos leithne ar bhealach dearfach.
- I gcaitheamh 2015, choinnigh an Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh air ag infheistiú i dtionscnaimh nuálaíochta digití, ar cruthaíodh fiontair nua dá bharr, trína chláir infheistíochta agus thacaíochta. Chuir an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach spás oifige agus tacaí fiontraíochta ar fáil do 98 cuideachta dhigiteach (a léiríonn ráta áitíochta 95%). Fostaíodh 702 duine ag cnuasach an Mhoil Dhigitigh.
- Fuarthas cúig fhógra maidir le cumasic meán i gcaitheamh 2015; cheadaigh an tAire ceithre cinn acu i ndiaidh an scrúdaithe céad chéime. Bhí an cúigiú ceann ag dul faoin scrúdú céad chéime ag deireadh na bliana.
- Foilsíodh Treoirlínte ar Chumaisc Meán agus an Fhoirm Fógra tar éis comhairliúchán poiblí.
- Láimhseáil an tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála níos mó ná 1.8 milliún glaoch in 2015 agus tá aga freagartha na seirbhíse fós ar cheann de na cinn is tapúla san Eoraip.
- I mí na Nollag 2015, d'éirigh leis an Roinn comhaontuithe éagsúla a dhéanamh a d'fhág gurbh fhéidir snáithín a leagan síos i nduchtáil le taobh phíblíne gháis na Gaillimhe-Mhaigh Eo, agus a d'fhág go raibh mórthionscadal idirnascachta teileachumarsáide in ann leas a bhaint as an mbonneagar snáithín seo. Cuireadh tús le próiseas soláthair in 2015 chun Aonán Seirbhíse Bainistíochta a cheapadh chun an snáithín a bhainistiú thar ceann an Aire.

## Craoltóireacht/ Post

- Rinneadh suim iomlán €178.5 milliún a ranníoc le RTÉ, trí fháltais ó tháillí ceadúnas teilifíse, chun aschuir i dtaca le cláir de a mhaoiniú.
- Rinneadh suim iomlán €24 milliún de mhaoiniúchán státchiste agus €9.3 milliún de mhaoiniúchán ó tháillí ceadúnas teilifíse a sholáthar do TG4 chun gealltanais i ndáil le cláir a chomhlíonadh, lena n-airítear 4.8 uair an chloig de chláir Ghaeilge nua a sholáthar gach lá.
- Rinneadh deontais €14.7 milliún a sholáthar don Chiste Craolacháin ó mhaoiniúchán ó tháillí ceadúnas teilifíse agus úsáideadh iad chun tacú le 342 tionscadal in earnáil na meán fuaime agus na meán closamhairc.
- Foilsíodh athbhreithniú NewERA ar éifeachtúlachtaí in RTÉ agus athbhreithniú Indecon ar mhargadh fógraíochta na hÉireann i mí Aibreáin 2015.
- Rinneadh dul chun cinn in 2015 ar an athbhreithniú is déanaí ar imeachtaí spóirt agus cultúrtha ainmnithe faoin Acht Craolacháin 2009 agus faoin Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc agus tá an Roinn chun an próiseas an chríochnú i mbliana.
- I mí na Nollag 2014, shínigh an tAire ordú ag ainmniú UTV Ireland mar sheirbhís teilifíse ‘ar de ghné seirbhíse poiblí’ í faoi alt 130(1)(a)(iv) den Acht Craolacháin 2009. Chuir an tseirbhís nua tús leis an gcraoladh an 1 Eanáir 2015.
- Seoladh an Córas Postchód Náisiúnta, Eircode, i mí Iúil 2015. Suíomh gréasáin: www.eircode.ie
- Rinne Grúpa Forbartha Gnó an Líonra Oifigí Poist athbhreithniú ar an líonra oifigí poist in 2015, faoi Chathaoirleach neamhspleách. Foilsíodh an Tuarascáil Deiridh ón nGrúpa, le moltaí, i mí Eanáir 2016.

## Fuinneamh

- Foilsíodh an Páipéar Bán Fuinnimh – Aistriú na hÉireann chuig Fuinneamh Ísealcharbóin sa Todhchaí 2015-2030 – i mí na Nollag. Leagtar amach ann creat chun beartas fuinnimh

na hÉireann a threorú agus na gníomhartha atá sé i gceist ag an Rialtas a ghlacadh san earnáil fuinnimh sa tréimhse go dtí 2030.

- Caitheadh €46 milliún faoin gClár um Fhuinneamh Níos Fearr. An toradh a bhí air sin ná gur uasghrádaíodh an éifeachtúlacht fuinnimh i mbeagnach 21,700 teach agus in 350 foirgneamh pobail agus tráchtála.
- Ar na príomhréimsí eile de chaiteachas ar thacaigh an Státchiste leis in 2015 bhí tacaíocht €1.7 milliún d'éifeachtúlacht fuinnimh san Earnáil Phoiblí agus tacaíocht €1 mhilliún d'éifeachtúlacht fuinnimh sa ghnó.
- In 2014-2015, d'éirigh le soláthraithe fuinnimh 1110kWh d'fhuinneamh a shábháil faoin Scéim Oibleagáidí um Éifeachtúlacht Fuinnimh, rud a sháraigh an sprioc de 1100kWh don tréimhse dhá bhliain.
- Tugadh faoi chomhairliúchán poiblí ar Straitéis nua chun dul i ngleic le Tearcrochtain Fuinnimh.
- Sháraigh an Ciste Éifeachtúlachta Fuinnimh  an sprioc de €70 milliún a bhí aige maidir le gealltanais infheistíochta. Tá €35 milliún san iomlán geallta ag an Rialtas don Chiste.
- Suiteáladh thart ar 186 MW de chumas leictreachas in-athnuaite i rith na bliana. Cuireadh 184 milliún lítear de bhithbhreoslaí inbhuanaithe ar mhargadh breosla an iompair bóthair agus tugadh cúnamh deontais do 555 feithicil leictreach nua in 2015.

## Acmhainní Nádúrtha

- Achtaíodh an tAcht um Shábháilteacht Peitriliam (Taiscéaladh agus Astarraingt), 2015 i mí Iúil 2015. Leis an Acht seo trasuíodh i ndlí na hÉireann an Treoir ón AE maidir le Sábháilteacht Amach ón gCósta (Treoir 2013/30/AE) maidir le sábháilteacht na n-oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta.
- Fuarthas 43 iarratas ar roghanna ceadúnais ó 17 cuideachta faoin am ar dúnadh Babhta Ceadúnúcháin Imeall an Atlantaigh i mí Mheán Fómhair 2015. Ba é sin an líon ba mhó iarratas a fuarthas riamh ar aon bhabhta ceadúnúcháin a reáchtáladh Amach ó Chósta na

hÉireann. Tráth a bhfuil praghas ola an-íseal is díol misnigh é an spéis mhór a bhí sa fhreagairt ar an mBabhta.

- I mí Mheán Fómhair 2015 tugadh IOSEA5 (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta Amach ó Chósta na hÉireann) chun críche, nuair a glacadh leis an bPlean ba bhonn le IOSEA5 agus nuair a foislíodh Ráiteas IOSEA5.
- Le hAlt 20 den Acht Airgeadais, 2015, a achtaíodh i mí na Nollag 2015, cuireadh i ngníomh na téarmaí fioscacha athbhreithnithe ola agus gáis a chomhaontaigh an Rialtas de bhun na moltaí ó Wood Mackenzie, saineolaithe san earnáil, in 2014. Beidh feidhm leis na téarmaí nua i gcás údaruithe peitriliam a bronnadh den chéad uair i ndiaidh an 18 Meitheamh 2014.
- Cuireadh tús le táirgeadh gáis ó gháscheantar na Coiribe i mí na Nollag 2015. Ar na buntáistí geilleagracha a bhaineann le gáscheantar na Coiribe tá fáltas díreach don Státchiste, an ghníomhaíocht nach beag gheilleagrach a bhaineann le céim forbraíochta an tionscadail mar aon le sláine sholáthar fuinnimh na hÉireann a threisiú.
- Bhí earnáil ghníomhach taiscéalaíochta mianraí ag oibriú in Éirinn in 2015 lenar bhain níos mó ná 570 ceadúnas taiscéalaíochta.
- D'éirigh Mianach an Lisín, a bhí á oibriú ag Vedanta Lisheen Mining Ltd, as an táirgeadh ag deireadh 2015. Tá an Roinn ag obair go dlúth leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus le Comhairle Contae Thiobraid Árann lena chinntiú go gcloífear leis na coinníollacha comhshaoil agus pleanála ar fad a bhaineann le dúnadh an mhianaigh, chomh maith leis na hoibleagáidí faoi na hAchtanna Forbartha Mianraí 1940 go 1999. Tá ciste dúnta imfhálaithe ann lena chinntiú go gcuirfear Plean Dúnta, Athchóirithe agus Bainistíochta Iarchúraim an Mhianaigh i gcrích.
- Leanadh le saincheisteanna atá ann le tamall maidir le hobair feabhais ag láithreáin stairiúla mianaigh in 2015 i mBéal Átha Gabhann agus in Abhóca, agus cuireadh tús le clár oibreacha tosaíochta shábháilteacht agus shláinte an phobail in Abhóca. Rinneadh roinnt sloc sábháilte in Abhóca trí chlaibíní coincréite nua a chur in áit seanchlaibíní a bhí

tite as a chéile. Fuarthas Cead Pleanála chun claibíní a chur ar chairn charta, agus chun iad a athghrádú, ag Tigroney Thiar, Abhóca, faoi réir roinnt coinníollacha.

- Bhí Iascach Intíre Éireann ag tacú arís le hearnáil slatiascaireachta agus táirgí turasóireachta na hÉireann, ar fiú na milliúin euro iad, thar 77,000 km d'aibhneacha agus srutháin agus 240,000 km de lochanna intíre, trí bhearta monatóireachta agus cosanta agus tríd an tacaíocht leanúnach a thug sé d'imeachtaí ar nós Seachtain Feasachta na nIascach, *Something Fishy* agus Tionscnamh Slatiascaireachta Bhaile Átha Cliath. Trína Scéim Urraíochta in 2015, bhronn Iascach Intíre Éireann beagan os cionn €60,000 ar chlubanna slatiascaireachta, cónaidhmeanna slatiascaireachta, grúpaí pobail agus soláthraithe seirbhíse turasóireachta chun tacú le slatiascaireacht, comórtais slatiascaireachta, tionscnaimh do shlatiascairí nua agus foirne slatiascaireachta náisiúnta. Rinneadh Iascach Intíre Éireann an tslatiascaireacht a chur chun cinn a thuilleadh agus baill foirne dá chuid ag freastal ar sheónna trádála in Éirinn, sa Ghearmáin, sa Fhrainc, san Ísiltír, san Iodáil agus sa Ríocht Aontaithe.
- Seo cuid na príomhthorthaí a bhain Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (SGÉ) amach in 2015: críochnaíodh Céim 1 den Tionscadal Náisiúnta um Léarscáiliú Ghrinneall na Farraige (INFOMAR) in am agus ar bhuiséad laghdaithe, leanadh ar aghaidh le clár léarscáilithe Tellus ar fud lár tíre na hÉireann, agus cuireadh tús le tionscnaimh nua i Screamhuisce 3T agus i léarscáiliú talún comhtháite. Thuairiscigh SGÉ tuilleadh dul chun cinn freisin trí chnuasach gnó Geo-eolaíocht Éireann agus tá níos mó ná 250 post curtha leis ag baill go dtí seo.
- In 2015, cuireadh tús le hobair Lárionad nua na hÉireann um Thaighde i nGeo-eolaíochtaí Feidhmeacha agus tosaíodh ar thaighdeoirí a earcú. Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), earnáil na tionsclaíochta agus RCFAN ag tacú leis an lárionad nua seo. Tá tacaíocht ag an lárionad, ar fiú thart ar €30 milliún é, go dtí 2020.

## Cuspóir Ardleibhéil 1 – Cumarsáid



Deiseanna fáis sa gheilleagar, poist, iomaíochas agus cuimsiú sóisialta a uasmhéadú trí infheistíochtaí uaillmhianacha tráchtála agus Stáit a chur chun cinn i dteileachumarsáid agus i líonraí leathanbhanda ardluais agus cumarsáide, ag tacú le trádáil gnóthas beag Éireannach ar líne, agus ag cur le rannpháirtíocht saoránach agus earnáil an oideachais sa teicneolaíocht dhigiteach agus san fhiontraíocht dhigiteach.

I réimse na Cumarsáide, tacaíonn an Roinn le fás geilleagrach, le fostaíocht, le hiomaíochas agus le cuimsí sóisialta trí raon beartas agus rialachán atá ceaptha chun sochaí ina bhfuil níos mó nascacht dhigiteach a éascú. Áirítear leis sin pleananna chun a chinntiú go bhfuil leathanbhanda d’ardchaighdeán ar fáil do gach saoránach trí infheistíocht tráchtála agus trí infheistíocht Stáit, trí úsáid teicneolaíochtaí digiteacha i measc saoránach agus gnólachtaí a chur chun cinn, agus trí thacú le fiontair dhigiteacha.

### An Plean Leathanbhanda Náisiúnta

Tá sé d’aidhm ag an bPlean Leathanbhanda Náisiúnta a chinntiú go bhfuil fáil ag gach saoránach agus gnó, beag beann ar a láthair, ar sheirbhís leathanbhanda ardluais d’ardchaighdeán. Tá sé sin á bhaint amach trí mheascán d’infheistíocht tráchtála ag cuideachtaí teileachumarsáide agus tógáil líonraí Státmhaoinithe i limistéir nach bhfuil cuideachtaí tráchtála ag infheistiú iontu.

Tá an earnáil teileachumarsáide tráchtála tar éis níos mó ná €2 billiún a infheistiú in uasghrádú líonraí agus i seirbhísí feabhsaithe ó 2012 i leith agus tá fáil ag thart ar 1.2 milliún den 2.3 milliún áitreabh in Éirinn anois ar sheirbhísí ardluais de 30mbps ar a laghad. Infheistíochtaí thar a bheith suntasach iad seo a léiríonn athrú céime ar chaighdeán na

seirbhísí atá ar fáil. Ní i limistéir uirbeacha amháin atá na hinfheistíochtaí seo á ndéanamh – tá bailte i ngach contae in Éirinn uasghrádaithe, le trí bliana anuas go háirithe.

I mí Iúil 2015, d'fhoilsigh an Roinn an dréacht-Straitéis Idirghabhála le haghaidh comhairliúchán poiblí. Leagtar amach sa Straitéis an sórt líonra agus seirbhísí atá sé i gceist ag an Rialtas a mhaoiniú. I ndiaidh comhairliúchán fairsing ar an Straitéis agus cruinnithe leanúnacha le páirtithe leasmhara ón earnáil, páirtithe leasmhara tionscail go háirithe, foilsíodh an Straitéis uasdátaithe i mí na Nollag 2015.

I mí Mheán Fómhair 2015, cheadaigh an Rialtas leithdháileadh €275 milliún don Phlean Leathanbhanda Náisiúnta. Soláthróidh sé sin an spreagadh tosaigh atá ag teastáil chun idirghabháil an Rialtais a chur i gcrích. I dteannta infheistíocht tráchtála, cinnteoidh sé sin go gcuirfear leathanbhanda ardluais ar fáil do gach cathair, baile, sráidbhaile agus áitreabh aonair in Éirinn.

Foilsíodh an léarscáil clúdaigh ardluais uasdátaithe i mí na Nollag 2015 agus tá sí ar fáil ag www.broadband.gov.ie  Léirítear limistéar idirghabhála an Stáit i ndath ómra ar an léarscáil. Táthar ag díriú ar níos mó ná 750,000 seoladh sa phróiseas soláthair d'idirghabháil an Stáit. Cuireadh tús leis an bpróiseas i mí na Nollag 2015.  Ina theannta sin, léirítear ar an Léarscáil Leathanbhanda Ardluais na háiteanna a mbeidh seirbhísí leathanbhanda ardluais ar fáil nó a bhfuil sé curtha in iúl ag an tionscal go mbeidh siad ar fáil. Tá dath gorm ar na limistéir sin ar an léarscáil. Is féidir leis an bpobal breathnú ar a n-áitreabh ar an léarscáil. Chun é sin a dhéanamh, is féidir leo scrollú isteach i limistéar ar leith, nó a n-éirchód a chur isteach.

Tá an Roinn ag déanamh monatóireacht ar an dul chun atá á dhéanamh ag gach oibreoir, a cuireadh san áireamh sa limistéar gorm ar an léarscáil, ó thaobh leathanbhanda ardluais a chur ar fáil.  Sa chás nach gcuirtear pleananna i gcrích, coimeádann an Roinn an ceart aici féin an Léarscáil Leathanbhanda Ardluais a leasú chun na háitribh sin a chur san áireamh san idirghabháil PLN, agus foilsíodh an próiseas chun an léarscáil a bhainistiú ar feadh an tsoláthair ar fad i mí Dheireadh Fómhair 2015.  Má chuireann oibreoirí seirbhísí ar fáil thar na pleananna tráchtála reatha, is féidir na limistéir sin a bhaint den phróiseas soláthair freisin. Ó

2015 i leith, tá an Roinn tar éis suas le 170,000 áitreabh breise, a chaithfidh a bheith san áireamh sa Limistéar Idirghabhála, a shainaithint.

Cuireadh tús leis an soláthar foirmiúil le haghaidh tógáil líonra nua Státmhaoinithe ar an 22 Nollaig 2015 nuair a foilsíodh Ceistneoir Réamhcháiliúcháin agus Meamram Faisnéise Tionscadail. Tá an próiseas soláthair fós ar siúl agus meastar go mbeidh conradh/conarthaí do thógáil agus oibriú an líonra sínithe faoi Mheitheamh 2017.

Agus an PLN á chur i bhfeidhm agus bonneagar teileachumarsáide á chur ar fáil, d'fhéadfaí leas a bhaint freisin as forálacha "Treoir 2014/61/EU maidir le bearta chun an costas a laghdú a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a leathnú amach". Leis an Treoir seo ceanglaítear ar oibreoirí líonraí cumarsáide, téimh ceantair, leictreachais, gáis, iompair agus dramhuisce a mbonneagar fisiciúil a roinnt le soláthraithe bonneagair líonra leathanbhanda ardluais, má iarrtar orthu é sin a dhéanamh, ach amháin má bhíonn cúiseanna oibiachtúla ann gan é a roinnt in aon chás ar leith.  Leis an Treoir seo ceangalítear freisin ar bhallstáit comhlacht réitigh díospóidí a bhunú chun cinneadh a dhéanamh i gcás díospóidí maidir le rochtain ar líonraí eile agus díospóidí maidir le téarmaí agus coinníollacha na rochtana. Tagann forálacha seo na Treorach in éifeacht ag deireadh mhí an Mheithimh 2016.  I gcaitheamh 2015, chuir an Roinn tús leis an obair a bhaineann leis an téacs reachtaíochta náisiúnta riachtanach a dhréachtú chun na riachtanais seo maidir le líonraí a roinnt a thrasuí.

Bhí an Roinn ag plé arís in 2015 le Ranna eile agus leis an tionscal agus í ag iarraidh deireadh a chur leis na baic ar shuiteáil bonneagair teileachumarsáide agus an tseirbhís mhóibíleach a fheabhsú ar fud na tíre. Ó foilsíodh an Plean Leathanbhanda Náisiúnta sa bhliain 2012, bunaíodh grúpa oibre chun dul i ngleic le fadhbanna bonneagair a raibh sé curtha in iúl ag an tionscal go raibh siad ag cur bac le húsáid seirbhísí. Is í an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt atá mar chathaoirleach ar an ngrúpa agus tá ionadaithe ón Roinn seo, ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, ó Bhonneagar Iompair Éireann agus ó Údaráis Áitiúla sa ghrúpa. Tá an Grúpa tar éis a bheith ag dul i gcomhairle leis an tionscal maidir le réimse saincheisteanna a bhaineann le suíomh an bhonneagair teileachumarsáide.

## Straitéis maidir leis an Margadh Aonair Digiteach

Ghlac an Coimisiún Eorpach leis an straitéis maidir leis an Margadh Aonair Digiteach (MAD) ar an 6 Bealtaine 2015. Is é aidhm an Choimisiúin ná MAD a chruthú ina gcinnteofar saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil, agus ina mbeidh saoránaigh agus gnóthaí in ann teacht ar earraí agus seirbhísí ar líne go réidh agus go cóir, cuma cén tír arb as iad nó cá bhfuil siad ina gcónaí. Creideann an Coimisiún gur féidir leis an MAD €415 billiún a chur le geilleagar na hEorpa, rud a chuirfidh borradh faoi phoist, fás, iomaíocht, infheistíocht agus nuálaíocht.

Tá 16 thionscnamh thar 3 cholúin sa MAD agus tá siad le cur i bhfeidhm faoi dheireadh 2016.

**Colún 1 – Rochtain:** rochtain níos fearr do thomhaltóirí agus do ghnóthaí ar earraí agus seirbhísí digiteacha ar fud na hEorpa;
**Colún 2 – Timpeallacht:** na dálaí cearta agus cothrom na Féinne a chruthú le go mbeidh líonraí digiteacha agus seirbhísí nuálacha faoi bhláth;
**Colún 3 – An Geilleagar agus an tSochaí:** cumas fáis an gheilleagair dhigitigh a uasmhéadú.

## Gréasáin Cheantar Cathrach (MANs)

Bhí ról tábhachtach ag na Gréasáin Cheantar Cathrach, atá faoi úinéireacht an Stáit agus lonnaithe i 94 cathair agus baile réigiúnach, in iomaíochas a chur chun cinn sna réigiúin agus d'éascaigh siad oibreoirí teileachumarsáide, idir bheag agus mhór, chun seirbhísí leathanbhanda ardluais a chur ar fáil gan a líonraí féin a thógáil.

Lean an Roinn ar aghaidh ag maoirsiú imeachtaí enet, an tAonán Bainistíochta Seirbhísí a bhainistíonn, a chothaíonn agus a oibríonn na MANs thar ceann an Stáit. Faoi dheireadh 2015, bhí 85 cinn as an 88 MANs "beo" agus á n-úsáid ag 62 oibreoir tráchtála, a raibh soláthar seirbhísí teileachumarsáide agus leathanbhanda do chustaiméirí ar an líonra snáithín mar thoradh air. Áirítear leis na custaiméirí deiridh sin cuideachtaí móra dúchasacha, cuideachtaí ilnáisiúnta, fiontair bheaga agus mheánmhéide, aonáin Stáit, agus

institiúidí oideachais, chomh maith le custaiméirí leathanbhanda fosaithe agus soghluaiste lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

## Tionscadal Snáithín na Gaillimhe-Mhaigh Eo

Tá Tionscadal Snáithín na Gaillimhe-Mhaigh Eo le taobh na píblíne gáis a cheanglaíonn críochfort gáis na Coiribe i Maigh Eo Thuaidh leis an nGreille Náisiúnta ag Creachmhaoil i gCo. na Gaillimhe. Tosaíodh ar shnáithín a leagan síos don tionscadal i mí na Nollag 2015 agus is é Shell E and P Ireland a mhaoinigh agus a shocraigh an tsuiteáil. Nuair a bheidh sé críochnaithe, soláthróidh an tionscadal nascacht ardluais do chuid den Stát nach raibh go leor snáithín inti san am a caitheadh; tá an snáithín á úsáid cheana féin le haghaidh nasc snáithín trasatlantach ar aghaidh go dtí Baile Átha Cliath.

## Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála

Tá an tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála (SFGÉ) freagrach as gach glaoch agus téacs (112 agus 999) chuig na Seirbhísí Éigeandála sa Stát a fhreagairt. Cuireann an SFGÉ nasc ríthábhachtach ar fáil idir an duine a chuireann an glaoch agus na Seirbhísí Éigeandála. Cinntíonn sé go gceanglaítear an duine a chuireann an glaoch leis an tseirbhís a d'iarr sé/sí agus ní cheanglaíonn sí glaonna nach glaonna éigeandála iad, rud a shábhálann am agus acmhainní na Seirbhísí Éigeandála le go mbeidh siad in ann déileáil le hiarratais dháiríre ar chabhair.

Tá BT Ireland ag cur na seirbhíse ar fáil faoi Chomhaontú Lamháltais leis an Roinn ó 2010 i leith. Rachaidh an conradh in éag ar an 14 Iúil 2017 agus tá próiseas soláthair faoi lán seoil le haghaidh Comhaontú Lamháltais nua.

Ba é an meánmhéid ama a thóg sé chun freagra a fháil ar ghlaoch ar SFGÉ in 2015 ná 0.73 soicind. Bhí sé sin ar cheann de na luasanna ba thapúla san Eoraip de réir tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach, “Cur i ngníomh na huimhreach éigeandála Eorpaí 112”[1]. Cuirtear glaonna ar aghaidh go dtí an tSeirbhís Éigeandála chuí, maille le sonraí faoin éigeandáil

[1] https://e.europa.eu/digital-single-market/en/news/implementation-european-emergency-number-112-results-ninth-data-gathering-round

agus an áit a bhfuil an duine a chuir an glaoch, taobh istigh de 7.26 soicind. Tá an tseirbhís ar fáil 24 uair an chloig sa lá, 365 lá sa bhliain ó seoladh í i mí Iúil 2010 agus tá sí tar éis na paraiméadair a socraíodh sa Chomhaontú Lamháltais a shárú go rialta. Tá sprioc chruinnis 99% ag an SFGÉ ó thaobh glaonna a láimhseáil agus baineadh an sprioc sin amach go leanúnach, le meán 99.6%. Láimhseáil an SFGÉ 1.86 milliún glaoch in 2015.

## An Straitéis Náisiúnta Dhigiteach

Lean an Roinn ar aghaidh ag cur glacadh digiteach chun cinn agus ag cur tionscnaimh i bhfeidhm faoin Straitéis Náisiúnta Dhigiteach i dtrí phríomhréimse – fiontar, saoránaigh agus oideachas.

### Trádáil ar Líne

I bhfianaise an geilleagar digiteach in Éirinn, a meastar gurbh fiú níos mó ná €12 billiún é in 2015, a bheith ag fás, agus níos mó tomhaltóirí a bheith gníomhach ar líne, tá deiseanna suntasacha fáis ann do ghnóthaí a bhíonn ag trádáil ar líne.

Ofrálann Scéim na nDearbhán um Thrádáil ar Líne dreasacht airgid ar fiú suas le €2,500 é (faoi réir maoiniú meaitseála), mar aon le hoiliúint, meantóireacht agus líonrú, chun cabhrú le fiontair bheaga agus le micrifhiontair a gcumas ríomhthráchtála a fhorbairt. Is é an líonra náisiúnta de 31 Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) a riarann an scéim. Faoi dheireadh 2015, bhí thart ar 1,770 gnó tar éis dearbhán um thrádáil ar líne a fháil. Bhain thart ar 4,000 gnó leas as comhairle agus tacaíocht piara le piara trí bheith páirteach sna seisiúin eolais a thug na OFÁnna i gcaitheamh 2015.

Tá tionchar dearfach ag an scéim agus tá sí ag mealladh gnóthais bheaga, trádálaithe aonair san áireamh, óna lán earnálacha éagsúla lena n-áirítear miondíol, ealaíona, ceardaíocht agus dearadh, déantúsaíocht, bia, agus seirbhísí gairmiúla.

I mí Iúil 2015, d'fhoilsigh an Roinn an chéad tuarascáil ar thionchar fiontraíochta na scéime, bunaithe ar shuirbhé ar dhaoine a ghlac páirt sa scéim. Tugadh le fios sa tuarascáil gur tháinig meánmhéadú 21% ar dhíolcháin na ngnóthaí a chuaigh ar líne. Bhí 40% de na gnóthaí

ag plé le custaiméirí ó mhargaí nua thar lear, agus tá níos mó ná 70% de na gnóthaí a ghlac páirt sa suirbhé ag súil le baill foirne nua a earcú. Is féidir go gcruthófar 1.4 post nua in aghaidh na cuideachta i ngnóthaí a fhostaíonn deichniúr nó níos lú. Is léir, mar sin, go bhfuil an trádáil ar líne ag dul i bhfeidhm ar phoist agus ar ghníomhaíocht gheilleagrach in Éirinn.

Tá na dearbháin fós á mbronnadh agus déanfar meastóireacht eile ar thionchar fiontraíochta na scéime in 2016.

## Scileanna agus Rannpháirtíocht Saoránach

Duine as gach seisear daoine fásta in Éirinn, níor úsáid sé/sí an t-idirlíon riamh. Agus é ag obair i gcomhpháirt le 46 eagraíocht phobail, dheonach agus neamhbhrabúis, cuireann clár *T*air*F*e na Roinne scileanna litearthachta digití ar fáil i thart ar 700 láthair ar fud na tíre. I gcaitheamh 2015, cuireadh oiliúint ar níos mó ná 27,000 duine chun cabhrú leo dul ar líne agus leas iomlán a bhaint as na buntáistí eacnamaíochta agus sóisialta a bhaineann le sochaí dhigiteach. Déanfar athbhreithniú ar *T*air*F*e in 2016 agus é mar aidhm na hiarrachtaí ó thaobh cuimsiú digiteach de a dhíriú le go mbainfear an leas is fearr astu.

Lean an Roinn ar aghaidh ag obair le Crann Taca Digiteach na hÉireann, David Puttnam, agus le páirtithe leasmhara eile chun feasacht a ardú agus chun níos mó daoine a spreagadh le dul ar líne.

## Clár na gCrann Taca Digiteach Scoile

Tá an Roinn tar éis tacú leis an aistriú go dtí teicneolaíocht dhigiteach sa teagasc agus san fhoghlaim tríd an infheistíocht a rinne sí chun nascacht 100Mbps a chur ar fáil do gach scoil dara leibhéal in Éirinn. Forbraíodh tionscnamh nua in 2015, Clár na gCrann Taca Digiteach Scoile, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá an tionscnamh seo ar aon dul leis an Straitéis Náisiúnta Dhigiteach agus leis an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna.



Seoladh é mar chlár píolótach i mí na Samhna 2015 i scoileanna dara leibhéal sna contaetha seo: an Cabhán, an Clár, Gaillimh, Laois, Lú, Muineachán, Uíbh Fhailí agus an Iarmhí. Tá sé deartha chun scileanna

digiteacha a chur chun cinn agus chun foghlaim thionscadalbhunaithe, nuálaíocht agus forbairt scileanna 21ú haois a éascú. Trína rannpháirtíocht sa scéim, tugann daltaí faoi dhúshlán teicneolaíochta atá dírithe ar réitigh chun fadhbanna ón bhfíorshaol a réiteach taobh istigh den scoil, pobal nó gnó áitiúil.

Mhaoinigh an Roinn taighde ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ar ról agus éifeachtaí TFC sa teagasc agus san fhoghlaim, sula mbíonn nascacht leathanbhanda ardluais ar fáil agus ina dhiaidh.  Tá an tuarascáil seo le foilsiú in 2016.

## Fiontraíocht Dhigiteach

Lean an Roinn ar aghaidh ag tacú leis an bpobal beoga cuideachtaí nua-thionscanta digiteacha atá ag fás in Éirinn leis an Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh agus leis an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach.

### An Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh (LNTD)

Lean an LNTD ar aghaidh ag maoiniú tionscnaimh nuálaíochta digití agus ag éascú cruthú fiontar nua trína phríomhchláir infheistíochta agus thacaíochta:

***VentureLab:*** clár 6 mhí arb é is cuspóir dó gnólachtaí nua-thionscanta atá bunaithe ar eolaíocht agus teicneolaíocht nua agus inchosanta a thabhairt go dtí an margadh agus iad a ullmhú i gcomhair síol-infheistíochta.

***Catalyser:*** clár luasaire 6 mhí atá dírithe ar ghnólachtaí nua-thionscanta agus ar fhoirne bunaitheora a bhfuil saineolas domhain agus teicneolaíocht acu a théann i ngleic le riachtanas suntasach margaidh nach bhfuil á chomhlíonadh.

***LaunchPad:*** clár luasaire 3 mhí chun cur ar chumas foirne fiontraíochta smaointe maithe a chlaochlú sa chaoi is go mbeifear in ann gnólachtaí nua-thionscanta inmharthana a chur ar bun.

I gcaitheamh 2015, rinne an LNTD infheistíocht in 18 dtionscadal luasaire dhigiteacha LaunchPad agus bhí 2 thionscadal VentureLab atá bunaithe ar an eolaíocht á bhforbairt acu. Rinne an LNTD infheistíocht freisin i 4 chuideachta Catalyser a bhfuil saineolas earnála acu, agus in 2 chuideachta SciTech. Measann an LNTD go raibh cuideachtaí ina phunann tar éis níos mó ná 546 post ardluacha lánaimseartha agus 138 post páirtaimseartha a chruthú in Éirinn faoi dheireadh 2015, agus go raibh infheistíocht leantach charnach €130 milliún meallta acu.

### An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (GFMD)

Lean an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ar aghaidh ag cur tacaí agus réitigh sholúbtha spás oifige ar fáil d'fhiontair dhigiteacha éiritheacha i gcnuasach an Mhoil Dhigitigh. Ag deireadh 2015, bhí 98 cuideachta (ráta áitíochta 95%) lonnaithe i gcnuasach an Mhoil Dhigitigh agus bhí 702 duine fostaithe acu. Go dtí seo, tá thart ar 220 cuideachta tar éis éirí rómhór don spás atá ar fáil sa Mhol agus tá siad tar éis a ngnó a leathnú in áit eile.

De réir straitéis na Gníomhaireachta, tá sé i gceist go mbeidh leathnú suntasach ar a spás oifige trí fhorbairt agus athchóiriú a cuid réadmhaoine. Osclaíodh an Iathlainn, foirgneamh athchóirithe ón 19ú haois in 2015, foirgneamh atá ag cur 10,000 troigh chearnach de spás oifige breise ar fáil. Tá gach cuid de ligthe ar cíos le cliantchuideachtaí. Cuireadh an tionscadal i gcrích trí mheán comhpháirtíocht straitéiseach le forbróir príobháideach. Táthar ag tógáil cóiríocht do mhic léinn ar an suíomh freisin, cóiríocht atá le bheith ar oscailt in am do bhliain acadúil 2016/2017.

Cuireadh tús le próiseas idirphlé iomaíoch le haghaidh forbairt suímh eile (thart ar 1.1 heicteár) in 2015 freisin. Meastar go bhféadfadh a lán spás oifige tráchtála breise a bheith ag an GFMD de bharr na forbartha, chomh maith le bheith ag cur go mór le gníomhaíocht eacnamaíochta agus shóisialta i limistéar Bhaile Átha Cliath 8 trí roinnt forbairtí úsáide measctha.

I gcomhthéacs chlár an Rialtais chun Gníomhaireachtaí Stáit a chuíchóiriú, fuarthas faomhadh Rialtais in 2015 chun reachtaíocht a dhréachtú a fhíoróidh cumasc an GFMD le

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Rinneadh dul chun cinn i gcaitheamh na bliana ar an obair ar an trasdul seo agus ar na forálacha reachtaíochta a bheidh mar bhonn agus mar thaca aige.

## Cibearshlándáil

D'fhoilsigh an Roinn Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála in 2015 ina leagtar amach na dúshláin atá roimh an Stát agus roimh shaoránaigh agus na bearta atá le glacadh sa tréimhse go dtí 2018. Lean an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála taobh istigh den Roinn de bheith ag obair le comhpháirtithe agus rannpháirtithe eile Rialtais. Phléigh sé le roinnt eachtraí i gcaitheamh na bliana agus lean sé de bheith ag eisiúint fógraí comhairleacha slándála chuig Ranna Rialtais agus chuig príomhghníomhaireachtaí maidir le heachtraí cibearshlándála.

Ghlac an Roinn páirt freisin i bplé deiridh an AE maidir leis an Treoir maidir le Slándail Líonraí agus Faisnéise atá molta, chomh maith le bheith ag plé le páirtithe leasmhara ina leith seo de réir mar a tháinig forbairt air. Leagfaidh an Treoir, a thiocfaidh in éifeacht i lár 2016, cuid mhaith tascanna ar an Roinn maidir le cibearshlándáil bonneagair ríthábhachtaigh agus cibearshlándáil Soláthraithe Seirbhíse Digití sa Stát.

## Rialachas an Idirlín

Ghlac an Roinn páirt i bplé pan-Eorpach ar shaincheisteanna a bhaineann le rialachas an idirlín, lena n-áirítear páirt a ghlacadh i gcomhráite éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh agus Chomhairle na hEorpa agus i gcruinnithe de chuid an Phlé Eorpaigh ar Rialachas an Idirlín (EuroDIG). Ghlac oifigigh de chuid na Roinne páirt sa Ghrúpa Ardleibhéil ar Rialachas an Idirlín (HLIG) de chuid Choimisiún na hEorpa agus d'fhreastail siad ar chruinnithe de chuid Choiste Comhairleach Rialtais (GAC) na Corparáide Idirlín d'Ainmneacha agus d'Uimhreacha Santa (ICANN), ag glacadh páirt i bhforbairt tograí deiridh d'aistriú maoirseachta fheidhmeanna an Údaráis um Uimhreacha Sannta Idirlín (IANA) agus cruthú bearta cuntasachta breisithe do ICANN. Sa bhaile, bhí oifigigh ar Choiste Comhairleach Beartais Chlárlann Ainmneacha Fearainn Idirlín na hÉireann.

## Rialú Ábhair Idirlín

Bunaíodh an Grúpa Comhairleach ar Rialú Ábhair Idirlín (ICGAG) i mí na Nollag 2013. Thug an Grúpa faoi chomhairliúchán poiblí ar na saincheisteanna a eascraíonn as rochtain fhorleathan ar ábhair idirlín agus ar an tionchar a bhíonn acu sin ar an tsochaí ina hiomláine; reáchtáladh an comhairliúchán sin idir an 28 Eanáir agus an 18 Márta 2014.

Cuireadh Tuarascáil ICGAG faoi bhráid an Aire ar an 30 Bealtaine. Áirítear ann 30 moladh struchtúrtha, reachtaíochta agus riaracháin, a bhfuil Ranna Rialtais éagsúla freagrach astu.

I ndiaidh fhoilsiú Thuarascáil ICGAG, bunaíodh grúpa feidhmithe tras-rannach, a raibh an Roinn mar chathaoirleach air agus ina raibh ionadaithe ón Roinn Sláinte, ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, ón Roinn Dlí agus Cirt (an Oifig um Shábháilteacht Idirlín) agus ón Roinn Oideachais. Lean an grúpa forfheidhmithe dá chuid oibre i rith 2015.

## Rialú Cumasc Meán

Tá feidhm na gcumasc meán san Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014. D'fhoilsigh an Roinn Treoirlínte ar Chumaisc Meán, agus an Fhoirm Fógra le haghaidh Cumasc Meán a ghabhann leo, i gcaitheamh 2015, i ndiaidh comhairliúchán poiblí.

Fuair an tAire fógra maidir le cúig chumasc meán i gcaitheamh 2015. I ndiaidh próiseas scrúdaithe céad chéime, chinn an tAire gur chóir ligean do cheithre cinn de na cumaisc seo leanúint ar aghaidh mar nach mbeidís i gcoinne leas an phobail ó thaobh iolracht na meán sa stát a chosaint. Bhí an cúigiú ceann ag dul faoin scrúdú céad chéime ag deireadh na bliana.

# Cuspóir Ardleibhéil 2 – Craoltóireacht



Earnáil ilghnéitheach iolrach meán a chur chun cinn, a chosaint agus tacú léi, lena n-áirítear craoltóireacht seirbhíse poiblí atá ábhartha, éifeachtúil agus ar ardchaighdeán a sholáthar, agus earnáil craoltóireachta a bhfuil réimeas comhréireach éifeachtúil rialála mar bhonn agus mar thaca aici a chur chun cinn, a chosaint agus tacú léi.

## Maoiniú Craolacháin Seirbhíse Poiblí

Tá réimse dúshlán roimh an gcóras reatha chun craoltóireacht seirbhíse poiblí a mhaoiniú (i.e. córas na gceadúnas teilifíse), lena n-áirítear leibhéil seachanta atá i bhfad ró-ard. Tá an Roinn ag obair ar bhonn leanúnach leis An Post agus le RTÉ lena chinntiú go nglacfar na gníomhartha riachtanacha chun tacú le hoibriú éifeachtach an córais. Ina theannta sin, tá sí ag scrúdú roinnt gníomhartha eile a d'fhéadfaí a ghlacadh, bearta reachtaíochta san áireamh, chun an córas a neartú a thuilleadh.

## Ainmniú Mór-Imeachtaí

Ligeann an Treoir maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc do Bhallstáit imeachtaí áirithe spóirt agus cultúir a ainmniú mar ócáidí a bhfuil tábhacht mhór leo don tsochaí agus a fhoráil go leanfar ag cur imeachtaí a ainmnítear mar sin ar fáil ar sheirbhísí teilifíse saor in aisce.

Leagtar amach san Acht Craolacháin 2009 na forálacha ábhartha chun imeachtaí den sórt sin a ainmniú in Éirinn agus, mar chuid de, ta oibleagáid an liosta a athbhreithniú gach trí bliana. Chuir an Roinn tús leis an athbhreithniú is déanaí le comhairliúchán poiblí tosaigh in 2014. Rinneadh comhairliúchán poiblí eile in 2015 inar lorgaíodh aighneachtaí maidir leis an liosta reatha agus ainmniú féideartha trí imeacht breise. Ó shin i leith, táthar tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta reatha, ar na himeachtaí sin a moladh le haghaidh ainmniú agus ar

na haighneachtaí a fuarthas i gcaitheamh na gcomhairliúchán poiblí. Tá a dtuarascáil á meas ag an Aire anois sula ndéanfaidh sé cinneadh ina thaobh.

## Ainmniú UTV Ireland

I mí na Nollag 2014, shínigh an tAire ordú ag ainmniú UTV Ireland mar sheirbhís teilifíse 'ar de ghné seirbhíse poiblí' í faoi Alt 130(1)(a)(iv) den Acht Craolacháin 2009. Chuir an tseirbhís nua tús leis an gcraoladh an 1 Eanáir 2015.

## RTÉ

Lean an Roinn ar aghaidh ag obair le RTÉ i gcomhthéacs thimpeallacht dhúshlánach airgeadais na cuideachta agus chun a chinntiú go raibh rialachas corparáideach éifeachtach i bhfeidhm, Ráiteas Seirbhíse Poiblí nua agus Ráiteas Straitéise athbhreithnithe san áireamh.

Chabhraigh an Roinn le RTÉ i roinnt tionscnamh in 2015. Ar cheann acu sin bhí an aip Irish Radioplayer a forbraíodh i gcomhar le Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann agus a ligeann don pobal teacht ar gach stáisiún raidió Éireannach ar líne agus éisteacht leo.

Ceapadh ceithre chomhalta ar Bhord RTÉ i mí Feabhra 2015.

## Athbhreithniú 5 Bliana Údarás Craolacháin na hÉireann

I ndiaidh Athbhreithniú 5 Bliana Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ) ar leordhóthanacht an mhaoinithe do chraoltóirí seirbhíse poiblí (RTÉ agus TG4), fuair an Roinn athbhreithniú NewERA ar éifeachtúlachtaí in RTÉ agus athbhreithniú Indecon ar an margadh fógraíochta in Éirinn in 2014. Foilsíodh na tuarascálacha ar an 21 Aibreán 2015 agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Lean an Roinn ar aghaidh ag athbhreithniú reachtaíocht reatha craolacháin ag féachaint leis na hathruithe reachtaíochta a theastaíonn mar gheall ar athbhreithniú ÚCÉ agus mar gheall ar staid an chraolacháin tráchtála agus pobail atá ag forbairt a shainaithint.

## Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ)

### Fuaim agus Fís

Faoi alt 158 den Acht Craolacháin 2009, reáchtálann ÚCÉ an Scéim Fuaime agus Físe a thacaíonn le léiriú agus tarchur clár d'ardchaighdeán atá bunaithe ar chultúr agus ar oidhreacht na hÉireann. Riartar an ciste trí fháltais ó tháillí ceadúnas teilifíse.

Reáchtáladh Fuaim agus Fís II ó 2012 go dtí 2014 agus chuir sé maoiniú os cionn €70 milliún ar fáil le haghaidh thart ar 1,500 tionscadal teilifíse agus raidió.

Sula ndeachaidh an scéim in éag ag deireadh 2014, fuair an Roinn togra ó ÚCÉ le haghaidh scéim nua (Fuaim agus Fís III) a fuair faomhadh ina dhiaidh sin chun oibriú ó mhí Eanáir 2015.

Leithdháileadh maoiniú €16 mhilliún faoi Fhuaim agus Fís III i gcaitheamh 2015 le haghaidh 77 tionscadal teilifíse agus 259 tionscadal raidió.

### An Scéim Cartlannaithe

Riartar an Scéim Cartlannaithe trí fháltais ó tháillí ceadúnas teilifíse freisin. Cuireann an Scéim tacaíocht maoinithe ar fáil d'fhorbairt cultúr cartlannaithe in earnáil chraolacháin na hÉireann a chuirfidh le caomhnú na hoidhreachta craolacháin.

Seoladh an Scéim in 2012 agus cuireadh tús lena feidhmiú le maoiniú in 2013. Tionóladh an dara babhta maoinithe in 2014. Idir an dá bhabhta, fuarthas 48 iarratas agus i ndiaidh a measúnaithe, bronnadh €3.77 milliún chun tacú le 17 dtionscadal.

D'iarr ÚCÉ go síneodh an Roinn an Scéim go dtí 2016 agus bronnadh faomhadh ar an iarratas sin i mí Iúil 2014.

Cuireadh maoiniú €1 mhilliún ar fáil do 6 thionscadal faoin scéim cartlannaithe in 2015.

### Rialacha Rochtana

Cinneann Rialacha Rochtana ÚCÉ na leibhéil fotheideal, teanga chomharthaíochta agus cur síos fuaime a bhfuil de dhualgas ar chraoltóirí in Éirinn a chur ar fáil de réir a n-oibleagáidí

reachtúla. Faoin Acht Craolacháin 2009, teastaíonn athbhreithniú ar na rialacha sin gach dhá bhliain.

Fuair an Roinn an t-athbhreithniú sin sa dara leath de 2014 chun anailís agus breithniú a dhéanamh air sula leagfaí an tuarascáil faoi dhá Theach an Oireachtais go luath in 2015. Tá Rialacha Rochtana 2015 ar fáil anois ar shuíomh gréasáin ÚCÉ.

# Cuspóir Ardleibhéil 3 – Post

A chinntiú go mbaineann custaiméirí na hÉireann, gnó agus cónaithe araon, tairbhe as seirbhísí ardchaighdeáin poist ar phraghas iomaíoch atá ar comhchéim leis na caighdeáin is airde i bpríomhgheilleagair inchomparáide san Aontas Eorpach.

## Postchóid

Sheol an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha Eircode, an Córas Postchód Náisiúnta d'Éirinn, go hoifigiúil ar an 13 Iúil 2015 mar aon leis an uirlis ar líne 'Aimsitheoir Eircode' ar an suíomh gréasáin www.eircode.ie. Is feidhmchlár cuardaigh é an tAimsitheoir Eircode a chabhraíonn le saoránaigh agus le lucht gnó an leas is fearr a bhaint as an gcóras postchód.

Tugadh faoi fheachtas náisiúnta faisnéise i gcaitheamh an tsamhraidh chun an pobal a chur ar an eolas faoi na héirchóid agus chun a n-úsáid a chur chun cinn. Mar chuid den fheachtas cuireadh fógraí sna meáin náisiúnta, an teilifís, an raidió agus nuachtáin san áireamh. Dlúthchuid den straitéis chumarsáide ba ea an Clár For-rochtana Pobail d'éirchóid. Baineadh úsáid as gréasáin d'eagraíochtaí pobail agus deonacha, i gcomhar le The Wheel agus Nasc Tuaithe na hÉireann.

Mar chuid de chur i bhfeidhm an chórais, rinneadh meaitseáil seoltaí ar bhunachair sonraí de chuid na hearnála poiblí. Ba é ba chuspóir leis sin ná príomhbhunachair sonraí rialtais a líonadh le postchóid roimh an seoladh. Cuireadh cód le thart ar 80 milliún taifead. Faoi dheireadh 2015 bhí comhlachtaí ón earnáil phoiblí amhail na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag úsáid éirchód cheana féin ina ngnó laethúil. Faoi dheireadh 2015 bhí 23 Athdhíoltóir Breisluacha earcaithe ag Capita chun réimse leathan sainseirbhísí a chur ar fáil do ghnóthaí, lena n-áirítear glanadh bunachar sonraí, cuardach seoltaí agus geochódú.

Tugadh isteach an reachtaíocht maidir le Cosaint Sonraí (an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú), 2015) i lár 2015 chun an seasamh i leith éirchód agus cosaint sonraí a shoiléiriú.

## An Post

Lean an Roinn ar aghaidh ag obair leis An Post in 2015 chun a chinntiú go raibh rialachas corparáideach éifeachtach i bhfeidhm. Bhí sé i dteagmháil leis an gcuideachta go rialta maidir lena staid airgeadais agus le feidhmiú a chláir athruithe. Cruthaíonn an laghdú ar an méid a chuirtear sa phost, de bharr cúinsí geilleagracha go príomha chomh maith le méadú seasmhach ar ábhar a chur go leictreonach, dúshláin shuntasacha a imríonn tionchar ar an gcuideachta go fóill. Is iad laghduithe ar chostais agus iarrachtaí a fhoinsí ioncaim a éagsúlú is mó a spreagann An Post agus é ag iarraidh dul in iomaíocht go héifeachtach agus a bheith mar an chéad rogha oibreora sa mhargadh poist.

Thug Grúpa Forbartha Gnó an Líonra Oifigí Poist faoi athbhreithniú ar an líonra oifigí poist in 2015, faoi Chathaoirleach neamhspleách, an tUasal Bobby Kerr. Scrúdaigh an Grúpa an cumas agus na deiseanna le haghaidh gnó nua Rialtais agus tráchtála a d’fhéadfaí a dhéanamh tríd an líonra oifigí poist agus d’fhoilsigh sé a Thuarascáil Deiridh agus a chuid moltaí i mí Eanáir 2016.

## ComReg

Lean an Roinn ar aghaidh ag obair leis an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) i rith 2015 maidir le ról ComReg mar an t-údarás náisiúnta rialála don earnáil phoist agus a oibleagáidí faoin Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011. De réir na praghasteorann uasta do phost atá faofa ag ComReg, d’ardaigh An Post praghas an stampa intíre ó 68 cent go 70 cent i mí Iúil 2015.

## Cuspóir Ardleibhéil 4 – Fuinneamh



Slándáil, inbhuanaitheacht agus iomaíochas an tsoláthair fuinnimh a chinntiú don gheilleagar agus do thomhaltóirí, agus, laistigh de chreataí AE agus domhanda, cion tairbhe cuí ó Éirinn a chinntiú i leith cuspóirí AE agus idirnáisiúnta fuinnimh agus aeráide a bhaint amach.

### Páipéar Bán ar Bheartas Fuinnimh

Foilsíodh Páipéir Beartais Fuinnimh nua, Aistriú na hÉireann chuig Fuinneamh Ísealcharbóin sa Todhchaí 2015-2030, i mí na Nollag. Tugtar breac-chuntas ann ar an gcreat le haghaidh beartas fuinnimh go dtí 2030. Is é is cuspóir dó an t-aistriú chuig córas fuinnimh ísealcharbóin a threorú, córas a chuireann soláthairtí slána d'fhuinnimh iomaíoch agus inacmhainne ar fáil dár saoránaigh agus dár ngnóthaí agus béim á leagan ar an tábhacht a bhaineann le hionchur a bheith ag saoránaigh nuair atá beartas á dhéanamh.

#### Margadh Leictreachais Aonair Uile-Oileáin

Faoin Tríú Pacáiste Fuinnimh, tá treoirlínte agus cóid nua le haghaidh líonraí leictreachais agus gáis á bhforbairt ar leibhéal an AE. Is é an aidhm atá leo ná níos mó trádáil trasteorann sa leictreachas agus sa ghás a chur chun cinn ar fud na hEorpa.

Caithfidh Éire agus Tuaisceart Éireann Rialachán 2015/1222 ón gCoimisiún (AE) (Treoirlíne maidir le Leithdháileadh Acmhainne agus Bainistíocht Cúngaigh) don mhargadh leictreachais mórdhíola uile-oileáin a chur i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2017. Faoin treoirlíne seo ceanglaítear ar Bhallstáit Oibreoir Ainmnithe Margaidh Leictreachais (OAML) amháin ar a laghad a roghnú chun cúpláil sa mhargadh leictreachais trasteorann a dhéanamh (lá chun tosaigh agus ionlae). Leag an Roinn an fheagracht as OAML a ainmniú sa dlínse seo ar an

gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh i mí Feabhra 2015 agus ainmníodh EirGrid mar OAML d'Éirinn i mí Dheireadh Fómhair 2015. Tá comhlíonadh an mhargaidh miondíola leis an gcód seo á bhaint amach ag an Tionscadal Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite (I-SEM) faoi stiúir na rialálaithe in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Chomh maith leis sin, éascóidh tionscadal I-SEM rannpháirtíocht éifeachtach na hÉireann i Margadh Inmheánach Fuinnimh an AE. Ba chéim mhór sa tionscadal seo é nuair a d'fhoilsigh na rialálaithe an Dearadh Ardleibhéil don mhargadh nua i mí Mheán Fómhair 2014. Tá an tionscadal ina chéim dheiridh anois agus beidh an margadh nua "beo" faoi R4 2017.

Ceann de na céimeanna atá ag teastáil chun an Mheicníocht um Leithdháileadh Acmhainne agus Tranglam a chomhlíonadh ná an sainmhíniú ar an Margadh Leictreachais Aonair a athrú sa reachtaíocht. Tosaíodh ar an obair chun é sin a dhréachtú in 2015 mar chuid de phróiseas an Bhille Fuinnimh (féach thíos). Táthar ag súil go n-achtóidh an tOireachtas an Bille Fuinnimh i gcaitheamh 2016.

Mar chuid de "Phacáiste Samhraidh" an Aontais Fuinnimh, sheol an Coimisiún Eorpach comhairliúchán ar dhearadh nua don mhargadh fuinnimh i mí Iúil 2015. Chuir an Roinn freagra suntasach ar an gcomhairliúchán isteach agus beidh sí páirteach san idirbheartaíocht maidir le reachtaíocht don mhargadh mórdhíola in 2016.

## Cóid Líonra Gáis an AE

Bhí an Roinn páirteach arís i rith 2015 i bplé faoi na cóid líonra gáis éagsúla faoin bpróiseas coisteolaíochta gáis ar leith. Beidh feidhm leis an gCód Líonra ar Chothromú Gáis Líonraí Tarchuir, a glacadh in 2014, ón 1 Deireadh Fómhair 2015. Glacadh an Cód Líonra ar Idir-inoibritheacht ar an 30 Aibreán 2015 agus beidh feidhm leis ón 1 Bealtaine 2016. Tá plé fós ar siúl ag leibhéal an AE i ndáil le Cóid ar Tharaifí agus Meicníochtaí le haghaidh Acmhainn Incriminteach. Thug an Coimisiún Eorpach breac-chuntas le déanaí ar achar ama uaillmhianach chun gnéithe de na cóid seo a chur i ngníomh. Táthar ag súil go dtiocfaidh siad i bhfeidhm faoi dheireadh 2016 agus go mbeidh tréimhse 12 mhí ann ina dhiaidh sin chun iad a chur i ngníomh.

## Bainistíocht Éigeandála

Cuirtear bonn daingean faoi shláine an tsoláthair gáis agus leictreachais trí Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Soláthar Gáis Nádúrtha a Áirithiú) 2013 (I.R. Uimh. 336 de 2013), lenar tugadh éifeacht do Rialachán 994/2010 ón AE maidir le bearta chun sláine an tsoláthair gáis a chosaint. Is ar an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh, mar Údarás Inniúil, atá an fhreagracht as comhlíonadh agus cur i ngníomh na mbeart faoi Rialachán 994/2010 a chinntiú.
Bhí an Roinn ag plé leis an Oifig Pleanála Éigeandála (an Roinn Cosanta) in 2015 maidir le forbairt dréachtchreata náisiúnta nua le haghaidh bainistíocht straitéiseach éigeandála. Táthar ag súil go dtabharfar chun críche é in 2016. Tabharfaidh sé sin soiléire agus treoir níos fearr do Ranna maidir le bainistíocht éigeandála agus a gcuid ról agus freagrachtaí.

Ghlac an Roinn páirt freisin i bhfóraim agus cleachtaí éagsúla i ndáil le slándáil leictreachais agus gáis. Ar cheann acu sin bhí an Grúpa Náisiúnta um Chomhordú, a bhíonn ag plé le tuilte agus leis an tír a ullmhú i gcomhair adhaimsire. Is í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil atá mar chathaoirleach ar an ngrúpa sin. Ceann eile ab ea an Grúpa um Phleanáil Éigeandála Gáis agus Leictreachais a bhíonn ag plé le bainistíocht éigeandála ó thaobh gáis agus leictreachais de. Tá an rialtóir fuinnimh (an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh) agus oibreoirí líonra (Líonraí Gáis Éireann, EirGrid, Bord Soláthair an Leictreachais) sa ghrúpa sin.

Bhí an Rannóg ag obair faoi choimirce Tascfhórsa an Rialtais um Phleanáil Éigeandála in 2015 chun plé le príomhpháirtithe leasmhara maidir leis an gcéad chéim de chlár bainistithe éigeandála ola. Is éard a bhí i gceist leis sin ná cruinnithe agus comhráite le tionscal na hola, le Ranna agus gníomhaireachtaí lárnacha, leis na seirbhísí éigeandála agus le fóntais a éascú, chun plé a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir rochtain tosaíochta ar sholáthairtí breosla a thabhairt do sheirbhísí ríthábhachtacha ar nós na seirbhísí éigeandála agus fóntas i gcás móréigeandála ola. Tabharfar tuilleadh céimeanna den chlár chun cinn in 2016.

Tá an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta fós ag déanamh dul chun cinn ó thaobh an stoc ola éigeandála a choinnítear ar oileán na hÉireann (seachas é a choinneáil i mBallstáit

eile de chuid an AE) a athchothromú chun slándáil soláthair a fheabhsú. Ag deireadh 2015, bhí 68% den stoc á choinneáil ar oileán na hÉireann.

## Bonneagar Fuinnimh Tras-Eorpach

Tháinig Rialachán an AE 347/2013 ar "Threoirlínte do Bhonneagar Fuinnimh Tras-Eorpach" i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2013, agus ghlac Coimisiún an AE le liosta Tionscadail Bonneagar Fuinnimh don Aontas Eorpach, ar a dtugtar "Tionscadail Leasa Choitinn" (TLCanna), ina dhiaidh sin. Is tionscadail iad TLCanna a chuireann le slándáil fuinnimh an AE. Ghlac Coimisiún an Aontais Eorpaigh leis an dara liosta TLCanna i dtreo dheireadh 2015 agus tá tionscadail bonneagair fuinnimh leictreachais agus gáis de chuid na hÉireann air.

## Forbairt Eangaí

Ach ar fhógraigh EirGrid cur chuige nua i leith na rannpháirtíochta pobail i mí na Nollag 2014, d'fhoilsigh EirGrid páipéar straitéise comhairliúcháin dar teideal 'Your Grid, Your Views, Your Tomorrow' i mí an Mhárta. Ba é sin a dara hathbhreithniú a rinne EirGrid ar a straitéis Grid25, ó bunaíodh an tionscadal in 2008.

Pleanálann an straitéis do chothromaíocht optamach a bhaint amach idir éilimh iomaíocha an chomhairliúcháin phoiblí i dtaca le forbairtí riachtanacha gréasáin, na roghanna teicneolaíochta nua is fearr don fhorbairt sin, agus tógáil nua a laghdú. Is ionann an straitéis sin, freisin, agus iarrachtaí athnuaite EirGrid chun rannpháirtíocht níos mó an phobail i gcinnteoireacht na heagraíochta a chinntiú.

Dhearbhaigh an straitéis an gá atá ann an córas tarchurtha a atreisiú san Oirdheisceart, ach moladh rogha eile seachas an moladh bunaidh "Grid Link". Is éard atá i gceist leis an 'rogha réigiúnach' sin línte tarchuir reatha a uasghrádú seachas línte nua a thógáil.

Fuair an straitéis amach go bhfuil gá follasach ann i gcónaí leis an tionscadal nascthachta tarchuir Thuaidh Theas, agus gurb é an moladh reatha i dtaca le líne lasnairde 400kV an rogha is cuí i gcónaí. Rinne EirGrid iarratas foirmiúil leis an mBord Pleanála i dtaca leis an tionscadal i mí an Mheithimh. Is é ábhar an iarratais an dara líne tharchuir leictreachais

ardchumais a chur ar fáil idir Éire agus Tuaisceart Éireann. Meastar go laghdóidh an líne bhreise costais ar chustaiméirí, go méadófar an éifeachtúlacht ar fud an ghreille leictreachais uile-oileáin agus go méadófar comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh don chóras leictreachais.

D'ainmnigh an Coimisiún Eorpach an tionscadal nascthachta tarchuir Thuaidh Theas ina Thionscadal Leasa Choitinn (PCI) i mí Dheireadh Fómhair 2013 agus dearbhaíodh é sin i mí na Samhna 2015. Is éard is PCI ann tionscadail a mbaineann tábhacht straitéiseach trasteorann leo dar leis an gCoimisiún Eorpach. Tá an tionscadal ina dhlúthchuid de chlár oibre Aontas Fuinneamh an AE, d'fhéadfaí a rá.

I mí Iúil chuir EirGrid trí réiteach ar a thionscadal Grid West i láthair ach a ndearnadh aighneacht chuig an bPainéal Neamhspleách Saineolaithe i mí Feabhra. Tá an tionscadal fós á mheas ag deireadh na bliana seo.

## Fuinneamh In-Athnuaite

Leanadh ar aghaidh ag méadú leibhéal an fhuinnimh in-athnuaite in 2015, agus ghin um 186 MW de leictreachas in-athnuaite nascthacht acmhainne i rith na bliana. Dúnadh na príomhmheicníochtaí tacaíochta don leictreachas in-athnuaite in Éirinn - na scéimeanna Taraif Chothaithe Fuinnimh In-Athnuaite (REFIT) - d'iarratais nua an 31 Nollaig 2015.

Sheol an Roinn dhá chomhairliúchán phoiblí i mí Iúil 2015 i dtaca le dreasacht nua in-athnuaite teasa (RHI) agus scéim thacaíochta leictreachais in-athnuaite (RESS) a fhorbairt. Dúnadh an chéad chéim den chomhairliúchán i mí Mheán Fómhair 2015 agus b'ann dó chun athbhreithniú a dhéanamh ar na roghanna teicneolaíochta a bhféadfadh na scéimeanna nua dreasachta tacú leo. Reáchtálfar comhairliúcháin phoiblí eile a thabharfaidh deis do pháirtithe leasmhara uile páirt a ghlacadh i bhforbairt na scéimeanna tacaíochta. Cé gurb é an fuinneamh gaoithe ón bhfarraige an teicneolaíocht in-athnuaite is tíosaí ar mhargadh leictreachais na hÉireann, aithnítear nach mór cur leis an ngaoth ón bhfarraige le beartais eile, cuir i gcás an t-aigéan, an ghrian agus bithfhuinneamh, d'fhonn ár gcuid mianta fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach.

Ach ar foilsíodh an Dréachtphlean um Bithfhuinneamh i mí Dheireadh Fómhair 2014, cuireadh tús in 2015 le hobair ar Mheasúnachtaí Straitéiseacha Timpeallachta agus Cuí, rud a chinnfidh a mbeidh sa Phlean críochnaithe.

I dtéarmaí na gcuspóirí níos fadtéarmaí i dtaca le dícharbónú, cuireadh tús le hidirbheartaíocht in 2015 ar Chreat Aeráide agus Fuinnimh 2030 an AE agus tá an Roinn rannpháirteach go gníomhach sa chur chuige uile-Rialtais, a bhfuil córais dhiana agus samhaltú geilleagrach mar bhonn agus taca aige, chun rannchuidiú na hÉireann, a bheidh cóir, costéifeachtach agus indéanta ó thaobh na teicneolaíochta de, le huaillmhian fhoriomlán an AE a chinneadh.

## An Clár 'Fuinneamh Níos Fearr'

Feidhmíonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) an clár 'Fuinneamh Níos Fearr' thar ceann na Roinne chun cúnamh deontais a chur ar fáil do theaghlaigh, do phobail agus do dhaoine atá i mbaol an tearcrochtain fuinnimh feabhsúcháin um thíosacht fuinnimh a dhéanamh. In 2015 caitheadh €46 million faoin gclár:

- Rinneadh uasghrádú ar 6,867 teach faoin gclár 'Fuinneamh Níos Fearr – Tithe Níos Teo' a chosain beagnach €18.1 milliún.
- Críochnaíodh 33 tionscadal faoin gClár Ceantarbhunaithe 'Fuinneamh Níos Fearr' agus rinneadh uasghrádú fuinnimh ar 2,200 teach agus ar 349 foirgneamh poiblí, príobháideach agus pobail ar chostas beagán le cois €13.57 milliún.
- Fuair 12,612 teach cúnamh deontais faoin scéim 'Tithe Fuinnimh Níos Fearr' a chosain €14.68 milliún.

## Iniúchtaí Fuinnimh

Ceanglaítear ar Bhallstáit faoi Threoir um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2012 an AE sraith beart a thabhairt isteach chun spriocanna tíosachta fuinnimh agus laghdaithe astuithe a bhaint amach. Cuimsíonn na bearta sin gníomhaíochtaí san earnáil phoiblí, fóntais, foirgnimh agus

iompar, maoiniú do thionscadail fuinnimh, agus úsáid fuinnimh i bhfiontair mhóra. Baineann ceann amháin de na ceanglais le hiniúchóireacht fuinnimh. Chuir Éire scéim i bhfeidhm chun ceanglais iniúchta fuinnimh a chur i ngníomh d'fhiontair mhóra (seachas SME) i lár 2015 chun ceanglas Airteagal 8 a shásamh. Is é SEAI a riarann an Scéim Iniúchóireachta Fuinnimh.

## An Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh

Ó 2014 i leith, tá ceanglas ar gach mórsholáthróir fuinnimh in Éirinn spárálacha fuinnimh a sholáthar gach bliain ach oibriú lena gcuid custaiméirí sna hearnálacha tráchtála agus cónaitheachta, mar aon le custaiméirí a bhfuil tearcrochtain fuinnimh acu. Is ionann an scéim sin agus um leath de spárálacha fuinnimh a cheanglaítear ar Éirinn a chur ar fáil faoi 2020 faoi Airteagal 7 de Threoir Éifeachtúlachta Fuinnimh an AE 2012.

Sa bhliain 2014-2015, rinne soláthróirí fuinnimh a bhí faoi oibleagáid spárálacha éifeachtúlachta fuinnimh um 1110kWh a chur ar fáil, rud a sháraigh an sprioc 1100kWh don tréimhse dhá bhliain. Leanfar ar aghaidh leis an scéim in 2016 ach déanfar athbhreithniú uirthi ach a gcuirfear i bhfeidhm an dara céim den scéim in 2017-2019. Beidh comhairliúchán poiblí mar chuid den athbhreithniú sin agus foilseofar sa dara ráithe de 2016 é. Foilseofar tuairisc níos déanaí i mbliana a leagfaidh amach na spárálacha fuinnimh go dtí seo a d'eascair as an Scéim.

## An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh

Is é cuspóir an Chiste Éifeachtúlachta Fuinnimh maoiniú ar phraghas oiriúnach a chur ar fáil do thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha. Spreagann an Ciste uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh sna hearnálacha poiblí agus tráchtála, ag infheistiú i dtionscadail ar nós iarfheistiú foirgneamh, éifeachtúlacht fuinnimh tionscail, teasa is cumhachta in éineacht agus bonneagar uirbeach. Tá léaslíne infheistíochta 3 bliana ó mhí na Bealtaine 2014 go mí na Bealtaine 2017 ag gabháil leis an gCiste.

In 2015, sháraigh an Ciste Éifeachtúlachta Fuinnimh an sprioc de €70 milliún a bhí aige maidir le gealltanais infheistíochta mar thoradh ar mhaoiniú breise príobháideach. Gheall an Rialtas €35 milliún san iomlán don Chiste go dtí seo. Tá píblíne mhaith de thionscadail

phríobháideacha agus phoiblí ann i raon earnálacha, cuir i gcás cúram sláinte, seirbhísí airgeadais agus fáilteachas agus tá an Ciste rannpháirteach go gníomhach i roinnt próiseas tairsiceana.

## Tearcrochtain Fuinnimh

Eisíodh páipéar comhairliúcháin i dtaca leis an gcéad straitéis eile de chuid an Rialtais um fhuinneamh inacmhainne i mí Eanáir 2015. Ag an am céanna rinneadh athbhreithniú ar an dul chun cinn a rinneadh ó d'fhoilsigh an Rialtas an chéad straitéis um fhuinneamh inacmhainne in 2011. Chuir sé sin tús le céim chomhairliúcháin phoiblí mhíosa agus fuarthas 47 aighneacht i dtaca le tearcrochtain fuinnimh ó raon lucht leasa, ina measc soláthróirí fuinnimh, eagraíochtaí carthanachta, meithleacha machnaimh, grúpaí tathanta beartais agus baill an phobail a raibh imní orthu. Reáchtáil an Roinn ceardlann i mí na Bealtaine 2015 dóibhsean a rinne aighneacht i dtaca leis an bpáipéar comhairliúcháin. Ba é toradh an phróisis sin gur forbraíodh straitéis nua Rialtais chun tearcrochtain fuinnimh a chomhraic, straitéis a foilsíodh ag tús 2016.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí

Ceanglaítear ar gach comhlacht san earnáil phoiblí a éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 33% faoi 2020.  Tugann an Mhonatóireacht & an Tuairisceoireacht is déanaí ón SEAI i dtaca le measúnacht feidhmíochta le tuiscint go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir leis an sprioc sin a bhaint amach.  Foilsíodh an tuairisc mhonatóireachta is déanaí in 2015 agus léiríonn sé go raibh comhlachtaí na hearnála poiblí leathshlí i dtreo a sprioc a bhaint amach faoi dheireadh 2014, tráth ar baineadh amach um 17% den sprioc 33% maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.  B'ionann é sin agus gnóthachain éifeachtúlachta fuinnimh 1,840GWh.  Laghdaíodh astuithe CO2 418,000 tona sa bhliain agus spáráladh €121 milliún d'fhuinneamh in 2014.

Sa bhliain 2015, d'oibrigh an Roinn le lucht leasa chun Plean Gnímh nua um Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí a chur le chéile. Tabharfar an plean chun críche agus cuirfear

faoi bhráid an Rialtais é in 2016. Cuirfidh an plean gnímh treoir, tacaíocht agus uchtach breise ar fail chun cuidiú le comhlachtaí na hearnála poiblí tabhairt faoi na céimeanna breise atá de dhíth d'fhonn spriocanna uaillmhianacha 2020 a bhaint amach.

## Lipéadú Fuinnimh agus Éicea-Dhearadh

D'fhonn a chinntiú go ndéantar de réir na eTreoracha agus na Rialachán Lipéadaithe Fuinnimh, Éiceadhearaidh agus Lipéadaithe Bonn, ceanglaítear ar gach ballstáit tabhairt faoi ghníomhaíochtaí faireachais mhargaidh. Is é RCFAN an tÚdarás Faireachais Mhargaidh atá freagrach as forfheidhmiú na reachtaíochta sin. I rith na bliana 2015, tugadh faoi chlár leanúnach faireachais mhargaidh d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus d'fhonn a chinntiú go bhfuil miondíoltóirí agus iompórtálaithe ar an eolas faoina gcuid oibleagáidí faoi reachtaíocht agus rinneadh obair leantach nuair ba ghá. Shonraigh an Roinn deis, freisin, chun an tseirbhís a fheabhsú agus chun leas a bhaint as sineirgí le feidhmeanna eile ach an fhreagracht as faireachais oibríochtúil an mhargaidh a aistriú chuig an SEAI. Rinneadh gealltanas sa Pháipéar Bán um Fhuinneamh an t-aistriú sin a dhéanamh in 2016.

## Díchuachadh Iomlán Úinéireachta

Ceanglaítear leis Treoir 2009/73/CE ón AE go ndéanfaí athstruchtúrú nach beag ar oibritheoirí tarchuir gáis san Eoraip de déir trí rogha maidir le "díchuachadh".

Ach ar aistríodh úinéireacht Líonraí Gáis Éireann (GNI), fochuideachta Ervia, chuig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil de bhun Ordú Rialtais an 24 Samhain 2015 (mar a fhoráiltear dó faoi fhoráil an Aire um scairsheilbh mhóraimh in alt 32 den Acht um Rialú Gáis 2013) rinneadh éascaíocht d'iarratas GNI a chur isteach chun a fhaofa faoin tsamhail um Dhíchuachadh Iomlán Úinéireachta de réir an ghnáthaimh dheimhniúcháin a leagtar amach in Airteagal 10 den Treoir. Chuir an GNI iarratas i dtaca le Díchuachadh Iomlán Úinéireachta faoi bhráid an CER an 30 Iúil 2015, d'fhonn é a mheas faoi na gnáthaimh a leagtar amach in Airteagal 10. Chuir an CER a chinneadh tosaigh in iúl don Choimisiún Eorpach, is é sin go raibh GNI ag comhlíonadh na gceanglas um Dhíchuachadh Iomlán Úinéireachta sa Treoir an 30 Samhain 2015, de réir na n-amlínte in Airteagal 10 (6).

Roinn Cumarsáide,
Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
Department of Communications,
Energy & Natural Resources

# Cuspóir Ardleibhéil 5 – Acmhainní Nádúrtha



Leas a bhaint as ár n-iascaigh intíre, ár mianraí, ár hidreacarbón agus ár n-acmhainní geolaíocha eile, agus iad a bhainistiú, ar bhealach inbhuanaithe táirgiúil.

Tá sé de chúram ar an Roinn bainistiú a dhéanamh ar Acmhainní Nádúrtha na tíre ar bhealach inbhuanaithe táirgiúil. Tá an earnáil seo ina foinse thábhachtach chruthaithe saibhris, is foinse fostaíochta í agus rannchuidíonn sí go mór lenár leas geilleagrach agus lenár mbonn ioncaim.

## Mianraí

Ba í Éire an táirgeoir ba mhó since san Eoraip, ach thit sí go dtí an dara háit i rith 2015 agus earnáil bhisiúil taiscéalaíochta aici ag a raibh breis is 570 ceadúnas taiscéalaíochta.

Foilsíodh an Bille um Fhorbairt Mianraí 2015 i rith na bliana. Is mian leis an mBille an reachtaíocht a chomhdhlúthú agus a nuachóiriú i dtaca le taiscéaladh agus eastóscadh mianraí (luaidhe, sinc, gipseam, etc. cé is moite de peitriliam), agus raidhse reachtaíochta ó 1940 go 1999 a athsholáthar. Déanfaidh an Bille foráil d'acmhainní mianracha a chuardach, a fhorbairt, a bhainistiú agus a rialú sa Stát. D'éirigh leis an mBille i ngach céim sa Seanad in 2015 agus leanfar leis sa Dáil in 2016.

Sa bhliain 2015, lean an Roinn uirthi ag déanamh monatóireachta ar ghníomhaíochtaí mianadóireachta d'fhonn a chinntiú go mbeifí ag comhlíonadh choinníollacha na gCeadúnas agus na Léasanna Mianadóireachta Stáit agus ag déanamh de réir an tsárchleachtais. Mar chuid den ghníomhaíocht rialála bhí iniúchtaí ar oibríochtaí mianadóireachta, idir oibríochtaí dromchla agus faoi thalamh.

Tháinig laghdú rud beag ar an líon ceadúnas sirtheoireachta mianraí in 2015 go 575 ceadúnas amhail an 31 Nollaig, i gcomparáid le 639 ceadúnas ag deireadh 2014. Bhí na ceadúnais i seilbh meascáin leathain de chuideachtaí taiscéalaíochta dúchasacha agus de chuideachtaí móra taiscéalaíochta idirnáisiúnta. B'ionann an caiteachas díreach a d'infheistigh sealbhóirí ceadúnais sirtheoireachta i bhfeidhmiú na gceadúnas sin agus breis is €15 mhilliún. Tugadh aitheantas arís do bheartais agus do chúrsaí riaracháin in Éirinn i dtaca le mianadóireacht i dtuarascáil tagarmharcála idirnáisiúnta ón Fraser Institute atá lonnaithe i gCeanada. Chuir an suirbhé bliantúil is deireanaí do 2015, bunaithe ar fhreagraí ón tionscal, Éire ar thús cadhnaíochta sa domhan i measc 109 dlínse as dea-bheartas mianadóireachta don tríú bliain as a chéile.

Fuarthas €6.782 milliún mar fháltais ó ghníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus mianadóireachta in 2015. As sin, bhain €6.474 milliún le fáltais ó mhianadóireachta, agus bhain €0.308 milliún le táillí ceadúnais sirtheoireachta taiscéalaíochta.

## Taiscéalaíocht Ola agus Gáis Amach ón gCósta

Leanann an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha uirthi ag cothú go gníomhach deiseanna taiscéalaíocht agus forbraíochta amach ó chósta na hÉireann i measc thionscal idirnáisiúnta an gháis agus na hola. Mar chuid de ghníomhaíocht an tionscail in 2015 bhí dhá shuirbhé éadála seismeacha 2T réigiúnacha a bhí lonnaithe go príomha in Imchuach Porcupine sa Mhuir Cheilteach; agus tobar a dhruilleáil PSE Seven Heads Ltd ar láthair sirtheoireachta Midleton sa Mhuir Cheilteach. Amhail dheireadh 2015 bhí 3 léas peitriliam, 30 Ceadúnas Taiscéalaíochta agus 11 Rogha Cheadúnais gníomhach amach ó chósta na hÉireann. Tá líon na n-údarúchán taiscéalaíochta atá i bhfeidhm ar an leibhéal is airde ó cuireadh tús le taiscéalaíocht amach ó chósta na hÉireann dhá scór bliain ó shin.

## Babhta Ceadúnúcháin Imeall an Atlantaigh

Osclaíodh Babhta Ceadúnúcháin Taiscéalaíochta Ola agus Gáis Imeall an Atlantaigh 2015 um cheadúnais do gach mór-imchuach na hÉireann san Atlantach: Porcupine, Goban Spur, Ceann Léime, Erris, Dún na nGall agus Rocal. Roghanna Ceadúnais dhá bhliain a bhí ar fáil

mar údarú peitriliam; cé go gcinnfidh cáilíocht an chláir aontaithe oibre fad gach Rogha Ceadúnúcháin i ndáiríre. Sa chás gur mian le sealbhóirí Roghanna Ceadúnúcháin bogadh ar aghaidh agus ceadúnas taiscéalaíochta a lorg, is Ceadúnas Taiscéalaíochta Teorann a mhairfidh cúig bliana déag a bheidh ann, ar trí bliana a bheidh sa chéad chéim agus trí chéim cheithre bliana ina dhiaidh sin. Fuarthas 43 iarratas ar roghanna ceadúnais ó 17 cuideachta faoi dheireadh an Bhabhta i mí Mheán Fómhair 2015. Ar na cuideachtaí iarratasóireachta bhí mórchuideachtaí, cuideachtaí meánmhéide agus cuideachtaí beaga. Ba é sin an líon ba mhó iarratas a fuarthas riamh ar aon bhabhta ceadúnúcháin a reáchtáladh Amach ó Chósta na hÉireann. Tráth a bhfuil praghas ola an-íseal is díol misnigh é an spéis mhór a bhí sa fhreagairt ar an mBabhta.

### Gáscheantar na Coiribe

Ag deireadh mhí na Nollag 2015, ach ar thug an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha cead do chomhpháirtithe na Coiribe píblíne gháis na Coiribe a fheidhmiú, cuireadh tús le táirgeadh an gháis ó gháscheantar na Coiribe. Déanfar an gás a tháirgfear i ngáscheantar na Coiribe a sholáthar don ghreille náisiúnta via píblíne 149km a thóg Líonraí Bhord Gáis, a shíneann ón gcríochfort gáis i mBéal an Átha Buí i gCo. Mhaigh Eo go Baile an Mhóinín lasmuigh de Ghaillimh. Ar na buntáistí geilleagracha a bhaineann le gáscheantar na Coiribe tá fáltas díreach don Státchiste, an ghníomhaíocht nach beag gheilleagrach a bhaineann le céim forbraíochta an tionscadail mar aon le sláine sholáthar fuinnimh na hÉireann a threisiú. Meastar go mbeidh saolré oibriúcháin idir 15 agus 20 bliain ag gáscheantar na Coiribe agus go sásóidh táirgeadh an gháis 42% d'éileamh uile-oileáin an gháis sa chéad dá bhliain oibriúcháin, agus go dtitfidh sé ina dhiaidh sin.

### An tAcht um Shábháilteacht Peitriliam (Taiscéaladh agus Astarraingt), 2015

Thug an tAcht um Shábháilteacht Peitriliam (Taiscéaladh agus Astarraingt), 2010 (PEES) an chumhacht don Choimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) creat sábháilteachta peitriliam a bhunú do ghníomhaíochtaí peitriliam atá bunaithe ar rioscaí agus a thugann cead, sa mhéad

is go gcaitheann an CER glacadh le Cás Sábháilteachta a chuireann Oibreoir ar fáil sular féidir tús a chur le gníomhaíochtaí/oibríochtaí peitriliam.

Sa bhliain 2013 d'aontaigh an tAE Treoir 2013/30/AE maidir le sábháilteacht oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta (Threoir 2013/30/AE). D'aistrigh an tAcht um Shábháilteacht Peitriliam (Taiscéaladh agus Astarraingt), 2015 a achtaíodh i mí Iúil 2015 an Treoir sin isteach i ndlí na hÉireann - rud a chomhtháthaigh ceanglais na Treorach leis an gcóras rialála sábháilteachta do ghníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus táirgíochta ola agus gáis in Éirinn faoi Acht PEES 2010 agus tógtar ar an gCreat Sábháilteachta Peitriliam atá CER a chur i ngníomh go rathúil ó mhí na Nollag 2013 i leith.

### Athbhreithniú ar na téarmaí fioscacha a bhaineann le táirgeadh ola agus gáis

I mí an Mheithimh 2014 fuarthas faomhadh an Rialtais chun athbhreithniú ar dhéanamh ar théarmaí fioscacha na hÉireann d’ola agus do ghás ar aon dul leis an méid a mhol na sainchomhairleoirí earnála Wood Mackenzie. Cuireann alt 20 den Acht Airgeadais 2015 na moltaí i bhfeidhm trí Cháin ar Tháirgeadh Peitriliam (PPT) a thabhairt isteach, cáin a bheidh i bhfeidhm i gcás aon údarú peitriliam a dámhfar den chéad uair tar éis an 18 Meitheamh 2014, agus tiocfaidh sé in áit na Cánach ar Chíos ó Acmhainn Bhrabúis a tugadh isteach san Acht Airgeadais 2008 i dtaca le údarúcháin den chineál sin.

- Íocfar PPT anuas ar an ráta reatha cánach corparáide 25% a ghearrtar ar bhrabúis ó tháirgeadh ola agus gáis.
- Beidh na híocaíochtaí PPT inbhainte ar mhaithe le méid na cánach corparáide a bheidh dlite a ríomh.
- Ach a gcuirfear córas PPT i bhfeidhm beidh ráta cánach imeallaí 55% á ghearradh ar réimse táirgíochta (meascán de cháin chorparáide agus cáin táirgíochta peitriliam).
- Ach a dtosóidh réimse ag táirgeadh ola nó gáis, beidh íos-íocaíocht PPT 5% iníoctha i ngach bliain táirgíochta ar an ollioncam (glan ar chostais iompair) a bhaineann le réimse.

- Cinnfear an méid deiridh PPT a bheidh dlite ó gach réimse de réir scála aistritheach a bhaithfidh ar bhrabúsacht na réimse.

## Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta Amach ó Chósta na hÉireann 5 (IOSEA5)

In 2015 tugadh próiseas IOSEA5 (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta Amach ó Chósta na hÉireann) chun críche, nuair a glacadh leis an bPlean ba bhonn le IOSEA5 agus nuair a foislíodh Ráiteas IOSEA5.

Ba iad cuspóirí IOSEA5 eolas a thabhairt don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i dtaca le cúrsaí timpeallachta faoi leith ina cuid gníomhaíochtaí peitriliam amach anseo faoi bhabhtaí ceadúnúcháin in Imchuacha Imeall an Atlantaigh, mar aon le dámhadh ceadúnas sa Mhuir Cheilteach agus i Muir Éireann, agus bonnlíne oibríochtúil a thabhairt do chuideachtaí taiscéalaíochta a oibríonn amach ón gcósta ionas gur féidir leo a gcuid oibre a chur i gcomparáid léi agus cosaint thimpeallacht na mara a chinntiú.

Ach ar reáchtáladh comhairliúchán poiblí i dtaca le Ráiteas Tionchair Natura agus ar foilsíodh Dréacht-Tuairisc Chomhshaoil - lenar ghabh imeachtaí i mí na Bealtaine 2015 sna Cealla Beaga, i nGaillimh, i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh - i mí Dheireadh Fómhair 2015 glacadh leis an bPlean is bonn le IOSEA5 agus foislíodh Ráiteas IOSEA5. Déanann an Plean cur síos ar chineál agus ar leibhéal na gníomhaíochta (idir shuirbéireacht gheoifisiceach agus druileáil) a bhfuiltear ag dréim leis sa limistéar iomlán amach ón gcósta faoi dhlínse na hÉireann don tréimhse 2015 go 2020.

### An Clár ObSERVE

Is éard atá sa chlár ObSERVE, atá ar bun ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta thar an tréimhse 2015 go 2018, clár suntasach éadála sonraí arb ann dó chun sonraí nua bonnlíne comhshaoil a fháil, agus é mar aidhm leis bearnaí reatha sna sonraí i dtaca le speicis chosanta mhuirí agus láithreain in imchuacha

tábhachtacha amach ón gcósta a líonadh. Cuimsíonn sé suirbhéanna fuaime i dtaca le céiticigh in uiscí faoi leith ar Imeall an Atlantaigh, agus sraith aershuirbhéanna i dtaca le céiticigh agus éanlaith mhara. Cuireadh tús le feidhmiú an chláir i mí na Bealtaine 2015.

Baineann an Clár go sonrach le hÉirinn, sa mhéid is go nglacann sé cur chuige onnghníomhach d'fhonn léirthuiscint a fháil ar mhinicíocht, ar dháileadh agus ar dhlús ainmhithe laistigh de limistéar sainithe amach ón gcósta, bunaithe ar shonraí a fhaightear. Rachaidh an clár chun sochair don chóras rialála chun iarratais ar ghníomhaíochtaí peitriliam a mheas maidir leis an dlí comhshaoil a chomhlíonadh. Rachaidh sé chun sochair do lucht tionscail freisin i dtaca le gníomhaíochtaí peitriliam a phleanáil don limistéar amach ó chósta na hÉireann agus le tuiscint a fháil ar na bearta maolúcháin a bheidh de dhíth.

### Taiscéalaíocht agus Astarraingt Neamhghnách Gáis

Choimisiúnaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) clár taighde ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith le Taiscéaladh agus le hEastoscadh Neamhghnáthach Gáis ar an timpeallacht agus ar shláinte an chine dhaonna.

Is éard atá i gceist leis an gclár taigde uile-oileáin seo, a riarann an EPA, cúig thionscadal idirnasctha, ina measc athbhreithniú litríochta nach beag deascbhunaithe ar chleachtais agus ar rialacháin a bhaineann le Taiscéaladh agus le hEastóscadh Neamhghnáthach Gáis ar fud an domhain.

Tá an clár taighde eolaíoch ag féachaint ar shonraí bonnlíne reatha i dtaca le screamhuisce, aer agus seismeacht, agus leis na ciallachais fhéideartha agus bearta maolúcháin a chaithfear a chur san áireamh d'fhonn tuiscint a fháil ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag úsáid na teicneolaíochta seo ar an timpeallacht agus cibé an féidir tabhairt faoi ar bhealach a dhéanann cúram don timpeallacht nó nach féidir, de réir cheanglais dhlí an chomhshaoil.

Leagadh an clár taighde amach chun an bonn eolaíochta a tháirgeadh, a chabhróidh le rialálaithe – ó Thuaidh agus ó Dheas – cinneadh eolach a dhéanamh an bhfuil sé sábháilte ó

thaobh an chomhshaoil de cead a thabhairt do Thaiscéaladh agus d'Eastóscadh Neamhghnách Gáis.

Ní bhfuair an Roinn aon iarratas i dtaca le Taiscéaladh agus Eastóscadh Neamhghnách Gáis, agus ní dhéanfaí aon iarratas den sórt sin, dá bhfaighfí é, a mheas nó go mbeidh an clár taighde tugtha chun críche agus go mbeidh aga ann na cinntí a mheas. Pé cinneadh beartais a dhéanfar, déanfar é ag féachaint don chuspóir a bhaineann le córas fuinneamh beagcharbóin a bhaint amach faoi 2050.

## Forbairt agus Taighde Geo-eolaíochta

Leanann Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (GSI) ar aghaidh ag forbairt Earnáil na Geolaíochta i dtaca le soláthar sonraí, faisnéise, comhpháirtíochta agus uirlisí pleanála geolaíochta mar an Ghníomhaireacht Náisiúnta Geo-eolaíochta d'Éirinn, agus is í an phríomhghníomhaireacht í le haghaidh tionscnamh sonrach éagsúil.

### INFOMAR

Is é INFOMAR an príomhchlár náisiúnta trína ndéantar ár gcríoch luachmhar mhuirí ar fad a léarscáiliú, ar críoch í atá beagnach deich n-uaire níos mó ná ár mórchríoch. Déanann an Roinn maoiniú ar an gclár, arb é atá ann Príomhchumasóir faoi Phlean Gnímh Comhtháite Muirí na hÉireann "Harnessing our Ocean Wealth", agus is é GSI atá á chur i ngníomh i gcomhar le Foras na Mara. Léiríodh i staidéir sheachtracha gheilleagracha roimhe seo go bhfuil an toradh ar infheistíocht os cionn ceithre huaire níos mó ná costas na héadála sonraí agus go mbíonn an toradh seo le brath in earnálacha éagsúla, idir phoiblí agus phríobháideach, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus eagraíochtaí taighde ina measc. Baineadh buaic amach in 2015 nuair a tugadh Oibríochtaí Chéim 1 (2006-2015) chun críche, ina measc léarscáiliú a dhéanamh ar na 26 Cuas Tosaíochta uile agus ar 3 limistéar Tosaíochta amach ón gcósta, arna roghnú ag lucht leasa. Sa bhliain 2015, rinne an clár léarscáiliú ar bhreis is 2,000 $km^2$, ina measc Cuan Bhanú, Cuan Eochaille, Cuan Dhún Garbhán, Cuan Loch Garman agus an ceantar máguaird, Inbhear na Bóine, Loch Cairlinn agus Loch Fheabhail. Tabharfar athbhreithniú ar Chéim 1 chun críche go luath in 2016 mar chuid

de phleanáil Chéim 2, faoina dtabharfar chun críche léarscáiliú críoch-uiscí uile na hÉireann. Baintear úsáid as na sonraí agus as an eolas atáthar a bhailiú faoin gclár INFOMAR i raon réimsí, ina measc: sábháilteacht/cairtiú mara; fuinneamh amach ón gcósta; uisceshaothrú; cosaint an chósta; cosaint an chomhshaoil; oidhreacht na long báite; turasóireacht agus taighde na mara.

## Tionscnaimh Gheo-eolaíochta



Sraith bearta dírithe iad seo a bhainistíonn GSI, chun tacú le pleanáil agus chun ról agus feidhm na Geo-eolaíochta in Éirinn a fhorbairt. Forbraíodh cláir phíolótacha éagsúla ar tugadh fúthu in 2014 mar thionscadail nua ilbhliantúla, bunaithe ar éileamh na bpáirtithe leasmhara agus ar thacair shonraí atá ar fáil le déanaí. Áirítear leo sin léarscáiliú comhtháite talún, a thugann léarscáiliú geolaíoch dromchla agus níos doimhne le chéile mar fhreagairt ar thacair shonraí nua ó Tellus agus léarscáiliú 3T screamhuisce ar uiscígh choimpléacsúla, mar shampla i gcarstcheantair, gaineamh agus gairbhéal, agus áit a bhfuil fadhbanna áirithe le caighdeán an uisce.

In 2015 tugadh faoi obair mhór screamhuisce agus léarscáiliúcháin i dtrí cheantar: Corcaigh Thuaidh/Mala, Dún na nGall agus Ros Comáin. Anuas air sin, tugadh Léarscáil Náisiúnta um Baol Sciorrtha Talún chun críche agus rinneadh dul chun cinn breise i dtaca le rannpháirtíocht na hÉireann i gcórais idirnáisiúnta um rabhadh súnámaithe. Buaicphointe i réimse na geothurasóireachta ba ea gur bronnadh stádas láithreán UNESCO ar bhaill den líonra Geopháirceanna Domhanda, a bhfuil trí shuíomh in Éirinn ina measc agus iad uile ag fáil tacaíochta ó GSI, An Cósta Copair (Port Láirge), Boireann/Aillte an Mhothair (An Clár) agus An Stua Marmair (An Cabhán/Fear Manach).

## Tellus

Is é Tellus an t-ainm a thugtar ar chlár córasach an bhailithe sonraí eolaíochta ar ithreacha, ar uisce agus ar charraigeacha trí shampláil gheoiceimiceach ar an talamh agus trí

shuirbhéanna geoifisiceacha ón aer. In 2013 cuireadh tionscadal Teorann Tellus a mhaoinigh an AE (INTERREG) i gcrích agus in 2014 fuarthas measúnú seachtrach ar an tionscadal a bhí thar a bheith dearfach. Tá faisnéis ón tionscadal ag cabhrú leis an gcomhshaol a bhainistiú agus le tacú le forbairt inbhuanaithe ár n-acmhainní nádúrtha. Tugadh an tionscadal Tellus na Lárthíre Thuaidh, a chuimsíonn Longfort, an Iarmhí agus Ros Comáin, chun críche i mí Aibreáin 2015. Anuas air sin, reáchtáladh céim eile suirbhéireachta in Oirthear na hÉireann ag deireadh 2015, (An Mhí, Cill Mhantáin Thuaidh agus Baile Átha Cliath) mar chuid de chéim trí bliana chun 50% den tír a chlúdach faoi dheireadh 2017. Lean an clár Tellus ar aghaidh obair go dlúth le lucht leasa i dtaca le haschuir agus ag déanamh urraíochta ar thionscadail taighde fheidhmigh ar fud raon leathan earnálacha. Sa bhliain 2015 bhuaigh Tellus Gradam Sármhaitheasa agus Nuálachta na Státseirbhíse um Léargas agus Anailís.

### Geo-eolaíocht Éireann

I rith 2015, lean GSI ar aghaidh ag obair le Fiontraíocht Éireann agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun cnuasach gnó Gheo-eolaíocht Éireann (GI) a fhorbairt. Aithnítear an gá atá leis na scileanna agus leis na seirbhísí a chuireann an pobal geolaíochta ar fáil a idirnáisiúnú agus sa bhliain 2015 méadaíodh an cnuasach go 24 cuideachta a fhostaíonn os cionn 1,200 duine le láimhdeachas de bhreis ar €250 milliún. Chuir ballchuideachtaí breis is 250 post nua ar fáil ó ghlac siad páirt ann agus tá siad ag feidhmiú i mbreis is 50 tír. Is ó thíorthaí thar lear a fhaightear 64% den ioncam.

### Taighde

Tugann GSI tacaíocht do thaighde Geo-eolaíochta trí sholáthar sonraí, trí chomhpháirtíocht agus trí chúnamh airgeadais. Sa bhliain 2015 rinneadh athbhreithniú ar Chlár Taighde Geo-eolaíochta Griffith GSI I (2007-14), agus d'éirigh go hiontach leis ó thaobh aschur, fostaíochta agus cistí faighte (€16 milliún). Rinne GSI Glao um Thaighde Gairid agus maoiníodh 41 tionscal, ar feadh oiread agus bliain amháin an ceann, ar uaschostas €30,000. Lucht tionscail/SME a bhí i gceannas ar 18 dtionscadal agus lucht acadúil a bhí i gceannas ar 23 cinn díobh. Sa bhliain 2015 thosaigh Lárionad nua na hÉireann do Thaighde i nGeo-eolaíochtaí Feidhmeacha (iCRAG) i mbun oibre. Faigheann iCRAG, a chuimsíonn gach Roinn

Geo-eolaíochta Tríú Leibhéal in Éirinn, maoiniú €18 milliún ó SFI mar aon le €8 milliún ó chomhpháirtithe tionscail ar feadh tréimhse shé bliana go deireadh 2020, Tá tacaíocht nach beag aige ó RCFAN agus GSI agus meastar go mbeidh ról nach beag aige i dtaighde agus i dtuiscint na geo-eolaíochta in Éirinn agus i dtionchar na geo-eolaíochta ar an tsochaí.

## Iascaigh Intíre

Lean an Roinn ar aghaidh ag cur beartas Rialtais i bhfeidhm chun bainistíocht an iascaigh bradán fiáin a thabhairt ar aon dul le comhairle eolaíochta agus chuige seo tugadh isteach naoi bhfo-dhlí agus dhá Ionstraim Reachtúla. Bhain dhá cheann de na fo-dhlíthe go sonrach le haibhneacha, ag cur leibhéil stocála ar leith na n-aibhneacha san áireamh. Cuireadh sraith rialachán i bhfeidhm faoi dheireadh 2015 roimh shéasúr bradán 2016.

Leanadh ar aghaidh ag cur an phlean náisiúnta um bainistiú eascann i bhfeidhm d'fhonn cloí le Rialachán ón gComhairle AE 1100/2007. I measc na mbeart ar tugadh fúthu bhí oibríochtaí chun eascanna a ghabháil agus a iompar seachad ar stáisiúin hidreachumhachta BSL ar an tSionainn, ar an Laoi agus ar an Éirne mar aon le sampláil eolaíoch. Rinneadh an Fo-dhlí um Iascaireacht Eascann a Chaomhnú, a chuireann cosc le hiascaireacht, le sealbhú nó le díol eascann a ghabhtar in abhainn sa Stát, a athnuachan go ceann trí bliana eile go dtí 2018. I mí na Samhna 2015, fógraíodh tionscnamh nua taighde chomhoibríoch. Beidh baint ag eolaithe Iascaigh Intíre na hÉireann agus roinnt iar-iascairí eascann leis an tionscnamh ag féachaint d'eolas breise náisiúnta a fhorbairt i ndáil le speicis agus leis an dóchas meántréimhseach agus fadtréimhseach dá slánú. Táthar chun tabhairt faoi iascach eolaíoch ar feadh trí bliana dar tús 2016 d'fhonn cur le sonraí agus le heolas sula ndéanfar athbhreithniú eile ar bhearta bainistithe eascann.



Bhí rialachas corparáideach ag an Roinn i dtaca le hIascaigh Intíre na hÉireann agus le Gníomhaireacht na Lochanna (mar Roinn chomhthionscanta), rud a chinntíonn go gcloítear le cóid chuí chleachtais, le próifílí buiséadúcháin agus le ceanglais reachtúla.

D’oibrigh an Roinn go dlúth le hIascach Intíre Éireann in 2015 chun dul chun cinn leanúnach a chinntiú ar éifeachtúlachtaí, ar chuíchóiriú réadmhaoine, agus ar nuálaíochtaí i dtéarmaí

cosaint iascach chun éifeachtacht in úsáid acmhainní a mhéadú. I dtaca le cuíchóiriú réadmhaoine, cheannaigh IFI maoin i mí an Mhárta 2015 in aice lena Cheanncheathrú in Citywest. Ta an mhaoin sin á feistiú faoi láthair agus is ann a bheidh na háiseanna stórais, saotharlainne agus cartlannaithe lonnaithe. Is léiriú eile é sin ar straitéis an IFI maidir le himeacht ó léasanna costasacha fadtéarma, rud atá ag teacht le beartas an Rialtais agus le hoibríochtaí cuíchóiriúcháin.

Mar aitheantas ar an ngá atá le hathrú ó bhonn ar an reachtaíocht a rialaíonn earnáil na n-iascach intíre, lean an Roinn ar aghaidh le hathbhreithniú mionsonraithe ar na hAchtanna um Iascach 1959-2010, mar aon le réimse leathan reachtaíochta tánaistí lena mbaineann, ag féachaint le reacht nua-aimseartha amháin a tháirgeadh don earnáil.

D'fhreastail an tAire Stáit ar dhá chruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (Earnáil Dobharshaothraithe agus Mara) faoina bhfeidhmíonn Gníomhaireacht Lochanna an Fheabhail agus Chairlinn agus Coimisiún Soilse na hÉireann (FCILC).

## Cuspóir Ardleibhéil 6 – Bainistíocht Chorparáideach

Cultúr luach ar airgead agus measúnú leanúnach ar ár bhfeidhmíocht a chur chun cinn agus a fheidhmiú ar bhonn intomhaiste, trédhearcach agus cuntasach. Ár bhfoireann a fhorbairt agus an clár oibre um leasú na seirbhíse poiblí agus an Plean Athnuachana don Státseirbhís a sheachadadh agus seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara.

### Acmhainní Daonna

#### Acmhainní Daonna Straitéiseacha

Cuireadh Straitéis nua Acmhainní Daonna le chéile in 2015 chun aistriú oibríochtaí idirbheartaíochta Acmhainní Daonna chuig PeoplePoint i mí na Samhna 2014 a léiriú. Tá sé phríomhchuid sa straitéis lena ngabhann príomhréimsí gníomhaíochta agus feidhmiúcháin a shonraítear do gach snáithe. Is iad príomhghnéithe na straitéise:

- Seachadadh Seirbhíse Acmhainní Daonna
- Forbairt Gairme & Inaistritheacht Fostaithe
- Forbairt Eagraíochtúil
- Bainistiú Tallann
- Foghlaim & Forbairt
- Cumarsáid & Comhairliúchán

#### Bainistiú Acmhainní

Tá 276 ball foirne, arb ionann é sin agus 263.3 FTE (coibhéis lánaimseartha) fostaithe ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha faoi láthair.

## Pleanáil don Fhórsa Saothair

Sa bhliain 2015 bhí Plean don Líon Lucht Oibre ina bhunús le comórtais earcaíochta agus ardaithe céime le déanaí, arbh é ab aidhm leo a chinntiú gur féidir leis an Roinn príomhthosaíochtaí a sheachadadh de réir amscálaí aontaithe.

Chuaigh an Roinn i mbun an Chlár Oibre um Nua-chóiriú na Státseirbhíse ar bhealach réamhghníomhach chomh fada agus a bhaineann sé le tionscnaimh Acmhainní Daonna, le seirbhísí comhroinnte agus le feabhsuithe ICT. San áireamh air sin tá aistriú chuig Seirbhís chomhroinnte Acmhainní Daonna, PeoplePoint, mar aon le Seirbhís Chomhroinnte Párolla i dTulach Mhór.

## Beartas Bainistíochta Tinrimh

Tá ráta an ama chaillte de bharr saoire breoiteachta, is é sin um 2.6%, laistigh de spriocráta 3.5% na Státseirbhíse tríd is tríd.

## Bainistiú Feidhmíochta

Tugadh isteach Calibration ar bhonn trialach in 2014 agus 2015. Úsáideach próiseas 2015 chun cuspóirí a chur le chéile agus a fhorbairt don Chlár Forbartha Ceannaireachta, clár ar chuir an Roinn tús leis anuraidh. Bhain gné amháin den chlár Forbartha Ceannaireachta le Cóitseáil & Bainistiú Feidhmíochta. Ina theannta sin, reáchtáladh ceardlanna gairide i dtaca le 'Aiseolas éifeachtach a chur ar fáil' do gach ball foirne ar leibhéil uile mhaoirseoireachta. D'athraigh RCFAN ó chóras úsáidte páipéir go córas leictreonach PMDS le héifeacht ó 2015 agus déantar gach idirbheart PMDS sa chóras Peoplepoint anois. Ba é 91% an ráta comhlánaithe don chóras bainistíochta agus forbartha feidhmíochta laistigh den Roinn in 2015.

## TFC

Lean an Roinn ar aghaidh ag comhroinnt seirbhísí leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

## Rialachas Corparáideach

Bunaíodh Rannán um Rialachas Corparáideach sa bhliain 2015 chun cur chuige leanúnach a chur ar fáil i leith an Rialachais i dtaca le Comhlachtaí Stáit faoi choimirce na Roinne 2015. Le himeacht na bliana aistríodh an fhreagracht as maoirseacht An Post, BSL, Bhord na Móna, EirGrid, RTÉ, agus TG4 chuig an Rannán sin. Tá cur chuige sruthlíneach curtha i bhfeidhm ag an Rannán i roinnt réimsí a bhaineann le Comhlachtaí Stáit, ina measc ceapachán le Boird Stáit, iarratais ar thoiliú Aire a phróiseáil, litreacha ionchais a fhorbairt do scairshealbhóirí agus monatóireacht airgeadais.

## Airgeadas

Ba é €399.962 milliún an tOll-Chaiteachas do 2015, a mhaoinigh bearta tábhachtacha i réimsí na Cumarsáide, an Chraolacháin agus Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

## Forléargas ar Úsáid Fuinnimh in 2015

In 2015, d'ídigh an Roinn 2,775,175 kWh fuinnimh ar laghdú 16.9% ar ídiú fuinnimh é thar an tréimhse bhonnlíne 2006 – 2008.

I rith na bliana seo, chuaigh córas nua teasa chriosaigh sna hoifigí ar Bhóthar Adelaide i bhfeidhm ar an ídiú fuinnimh, rud a thug deis dúinn bainistiú níos réamhghníomhaí a dhéanamh ar fhuinneamh.

Tá Beartas Fuinnimh agus Plean Gnímh a chur le chéile ag an Roinn lena mbunófar Meitheal Bhainistithe Fuinnimh agus lena ndéanfar Iniúchadh Fuinnimh in 2016.

## Aguisín A: Struchtúr na Roinne

**MARK GRIFFIN**

**AN tARD-RÚNAÍ**

| **KATHERINE LICKEN** ARD-RÚNAÍ CÚNTA | **MICHAEL MANLEY** ARD-RÚNAÍ CÚNTA | **BRIAN CARROLL** ARD-RÚNAÍ CÚNTA | **PATRICIA CRONIN** ARD-RÚNAÍ CÚNTA |
|---|---|---|---|
| Beartas agus Rialáil Teileachumarsáide | Éifeachtúlacht agus Incheannaitheacht Fuinnimh | Iascaigh Intíre | Acmhainní Daonna / Córais Faisnéise |
| Cumarsáid, Gnó agus Teicneolaíocht | An Rannán um Beartas Straitéiseach Fuinnimh | Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | Tacaíocht Chorparáideach |
| An Straitéis Náisiúnta Dhigiteach agus Conarthaí sa Mhargadh Teileachumarsáide | Rialáil Leictreachais agus Gáis | Taiscéalaíocht agus Mianadóireacht | Rialachas Corparáideach |
| Beartas Craolacháin | Sláine an tSoláthair Fuinnimh | Taiscéalaíocht Peitriliam | Gnóthaí Airgeadais agus Corparáideacha |
| Beartas Idirlín | Dícharbónú Beartas agus Comhordú | Forbairt Peitriliam | Iniúchadh Inmheánach |
| Príomh-Chomhairleoir Teicniúil | Oifig an Phríomh-Chomhairleora Theicniúil | | An Phreasoifig |
| | | | An tAonad Eacnamaíochta |
| | | | An tAonad Dlí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

# Aguisín B: Vóta 29 – 2015 Meastacháin agus Caiteachas Sealadach


| Fotheideal | Meastachán €000 | Caiteachas €000 |
|---|---|---|
| **CUMARSÁID** | | |
| A.1 - Riarachán: Pá | 4,660 | 4,025 |
| A.2 - Riarachán: Neamhphá | 1,787 | 1,448 |
| A.3 - Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide | 15,435 | 13,130 |
| A.4 - Forbairtí Ilmheán (tabhairt ar aghaidh chaipitiúil san áireamh) | 6,000 | 5,785 |
| A.5 - Sochaí na Faisnéise & Ríomhchuimsiú (tabhairt ar aghaidh chaipitiúil san áireamh) | 5,202 | 3,374 |
| A.6 - Seirbhísí Eile | 500 | - |
| Fo-iomlán | 33,584 | 27,762 |
| **CRAOLTÓIREACHT** | | |
| B.1 - Riarachán: Pá | 988 | 854 |
| B.2 - Riarachán: Neamhphá | 612 | 495 |
| B.3 - Deontas do RTÉ | 185,724 | 178,499 |
| B.4 - Íocaíocht leis An Post | 12,457 | 11,609 |
| B.5 - Deontas do TG4 | 33,160 | 33,160 |
| B.6 - Ciste Craolacháin | 14,704 | 14,665 |
| Fo-iomlán | 247,645 | 239,282 |
| **FUINNEAMH** | | |
| C.1 - Riarachán: Pá | 4,557 | 3,937 |
| C.2 - Riarachán: Neamhphá | 2,162 | 1,752 |
| C.3 - Riarachán agus Costais Ghinearálta SEAI | 7,000 | 6,771 |
| C.4 - Cláir Fuinnimh Inmharthana (tabhairt ar aghaidh chaipitiúil san áireamh) | 56,301 | 56,004 |
| C.5 - Cláir Taighde Fuinnimh | 9,061 | 7,184 |
| C.7 - Seirbhísí Gáis | 32 | 32 |
| C.8 - Íocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta | 240 | 171 |
| Fo-iomlán | 79,353 | 75,851 |
| **ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA** | | |
| D.1 - Riarachán: Pá | 6,451 | 5,572 |
| D.2 - Riarachán: Neamhphá | 3,159 | 2,631 |
| D.3 - Seirbhísí Peitriliam | 4,641 | 4,509 |
| D.4 - Seirbhísí Mianadóireachta | 3,585 | 917 |
| D.5 - Seirbhísí GSI | 9,524 | 8,554 |
| D.6 - Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | 7,415 | 7,000 |
| D.7 - Síntiúis le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta | 135 | 132 |

| | | |
|---|---|---|
| Fo-iomlán | 34,910 | 29,315 |

| Fotheideal | Meastachán €000 | Caiteachas €000 |
|---|---|---|
| **IASCAIGH INTÍRE** | | |
| E.1 - Riarachán: Pá | 894 | 773 |
| E.2 - Riarachán: Neamhphá | 422 | 343 |
| E.3 - Iascaigh Intíre | 26,343 | 26,636 |
| Fo-iomlán | 27,659 | 27,752 |
| **Olliomlán** | **423,151** | **399,962** |
| **LEITHREASAÍ I gCABHAIR** | | |
| F.1 - Fáltais ó fhíneálacha agus ó fhorghéilleadh de bharr coireanna | 50 | 25 |
| F.2 - Fáltais ó mhianraí agus ó pheitriliam | 15,455 | 14,787 |
| F.3 - Grúpa tacaíochta um bonneagar peitriliam | 437 | 297 |
| F.4 - Táillí ceadúnais craolacháin | 222,130 | 214,018 |
| F.5 - Fáltais ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta | 550 | 595 |
| F.6 - Cíos ar áitribh in Ard-Oifig an Phoist | 223 | 350 |
| F.7 - Fáltais ilghnéitheacha | 1,323 | 1,732 |
| F.8 - Ranníocaíochtaí Pinsin ó Ghníomhaireachtaí | 1,084 | 1,102 |
| F.9 - Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na | 4,165 | 3,746 |
| Iomlán le haghaidh leithreasaí i gcabhair | 245,417 | 236,652 |
| **Iomlán glan** | **177,734** | **163,310** |

**Achoimre ar Chaiteachas Sealadach 2015**

| CLÁR | Caiteachas €000 |
|---|---|
| Cumarsáid | 27,762 |
| Craoltóireacht | 239,282 |
| Fuinneamh | 75,851 |
| Acmhainní Nádúrtha | 29,315 |
| Iascaigh Intíre | 27,752 |
| **Iomlán** | **399,962** |


Caiteachas Sealadach 2015
(milliúin)
IASCAIGH INTÍRE, €27.752, 6.9%
CUMARSÁID, €27.762, 6.9%
ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA, €29.315, 7.3%
FUINNEAMH, €75.851, 19.0%
CRAOLTÓIREACHT, €239.282, 59.8%

# Aguisín C: Reachtaíocht

## Achtanna Achtaithe agus Billí Eile:

**ACHTANNA:**

An tAcht um Shábháilteacht Peitriliam (Taiscéaladh agus Astarraingt), 2015

## Billí a ndearnadh dul chun cinn ina leith nó a tionscnaíodh:

- An Bille Forbartha Mianraí
- An Bille um Fhorbairt Fuinnimh Gheoiteirmigh

Ionstraimí Reachtúla

Rinneadh na hIonstraimí Reachtúla seo a leanas sa bhliain 2015:

| I.R. Uimh. | TEIDEAL |
|---|---|
| 16 de 2015 | Rialachán na gComhphobal Eorpach (Margadh Inmheánach um Gás Nádúrtha agus Leictreachas) 2015. |
| 17 de 2015 | An tOrdú um an Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2012 (Tosach Feidhme), 2015. |
| 70 de 2015 | An tOrdú chun Iascaireacht Bradán a Rialú (Leasú) 2015. |
| 161 de 2015 | An tOrdú um an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh In-athnuaite (Ainmníocht) 2015. |
| 254 de 2015 | An tOrdú fán Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Luathaithe i leith |

| | |
|---|---|
| | Trealaimh atá Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh de) (Leasú) (Uimh. 1) 2015. |
| 337 de 2015 | An tOrdú fán Acht um Rialú Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú) 2015 (Tosach Feidhme) 2015. |
| 520 de 2015 | An tOrdú fán Acht um Rialú Gáis 2013 (Tosach Feidhme) 2015. |
| 535 de 2015 | An tOrdú fán Acht Gáis 1976 (Aire um Scairsheilbh Thromlaigh a cheapadh) 2015. |
| 556 de 2015 | An tOrdú fán Acht um Rialú Leictreachais 1999 (Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí) (Leasú) 2015. |
| 559 de 2015 | An tOrdú Tobhaigh (Uisce) fán Acht um Rialú Leictreachais 1999, 2015. |
| **I.R. Uimh.** | **TEIDEAL** |
| 560 of 2015 | An tOrdú Tobhaigh (Sábháilteacht Peitriliam) fán Acht um Rialú Leictreachais 1999, 2014. |
| 561 of 2015 | An tOrdú Tobhaigh (Gás) fán Acht um Rialú Leictreachais 1999, 2015. |
| 562 of 2015 | An tOrdú Tobhaigh (Leictreachas) fán Acht um Rialú Leictreachais 1999, 2015. |
| 570 of 2015 | An tOrdú Tobhaigh (Sábháilteacht Peitriliam) fán Acht um Rialú Leictreachais 1999, 2015. |
| 581 of 2015 | Na Rialacháin um Scéim Chlibeála na mBradán Fiáin agus na mBreac Geal (Leasú) 2015. |
| 587 of 2015 | An tOrdú fán Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Luathaithe i leith Trealaimh atá Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh de) (Leasú) (Uimh. 2) 2015. |
| 603 of 2015 | Na Rialacháin fá Alt 16A (5) den Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 1995 (Conarthaí Measta) 2015. |

Fo-dhlíthe Iascaigh Intíre

| **Uimhir Fodhlí** | **Teideal** |
|---|---|

| | |
|---|---|
| Uimh. C.S. 319 | An Fo-dhlí um Iascaireacht Eascann a Chaomhnú |
| Uimh. C.S. 320 | An Fo-dhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (Aibhneacha Dúnta) |
| Uimh. 933 | An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (Líonta Tarraingthe agus Scioblíonta) |
| Uimh. 934 | An Fo-dhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (Srianta Mála) |
| Uimh. 935 | An Fo-dhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (Gabháil agus Scaoileadh) |
| Uimh. 936 | An Fo-dhlí Slatiascaireachta |
| Uimh. 937 | An Fo-dhlí um Chaomhnú Breac Geal |
| Uimh. 938 | An Fo-dhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (An tSiúir) |
| Uimh. 939 | An Fo-dhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (An tSionainn) (Gabháil agus Scaoileadh) |

## Aguisín D: Údaruithe Peitriliam a deonaíodh

Bhí 61 údarú peitriliam san iomlán ar marthain an 31 Nollaig 2015. Áirítear orthu sin:

- 3 Léas Peitriliam
- 13 Rogha Cheadúnúcháin (a raibh 3 cinn díobh ina n-ábhar d'iarratais iardain),
- 30 Ceadúnas Taiscéalaíochta (a raibh 3 cinn díobh ina n-ábhar d'iarratais iardain),
- 15 Cheadúnas Sirtheoireachta Peitriliam (a ndearnadh iarratas ar shíneadh i leith 1 cheann díobh)

Deonaíodh trí údarú nua sa bhliain 2015. Ina measc sin bhí rogha cheadúnúcháin amach ón gcósta agus dhá cheadúnas sirtheoireachta peitriliam. Tá sonraí faoi na húdaruithe nua leagtha amach sa tábla seo a leanas:

| Uimh. an Údaraithe | An Cineál Údaraithe | Ceadúnaí | Limistéar |
|---|---|---|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| **RC 15/1** | Rogha Cheadúnúcháin | Fastnet Oil & Gas Ireland Ltd | Amach ó Chósta na hÉireann |
| **CSP 1/15** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | Faroe Petroleum (U.K.) Limited | Amach ó Chósta na hÉireann |
| **CSP 2/15** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | Trans International Oil Exploration | Amach ó Chósta na hÉireann |

## Aguisín E: Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne

Bhí freagracht ar an Roinn i leith 18 gcomhlacht Stáit de chineál tráchtála, neamhthráchtála agus rialála in 2015, mar atá leagtha amach thíos:

| COMHLACHT | PRÍOMHRÓL |
|---|---|
| **CUMARSÁID** | |
| **An Post** | Soláthróir náisiúnta sheirbhísí poist na hÉireann. |
| **An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide** | Is faoi ComReg atá cúraimí rialála an mhargaidh cumarsáide in Éirinn. Tá ComReg freagrach as na líonraí tarchuir de gach cineál, ó sheirbhís sreinge teileafóin traidisiúnta go hoibreoirí a sholáthraíonn seirbhísí teilifíse agus ó líonraí fón póca go seirbhís poist. |
| **An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach** | Bunaíodh é faoin Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 chun formhaoirsiú a dhéanamh ar an Mol Digiteach. |
| **CRAOLTÓIREACHT** | |
| **Raidió Teilifís Éireann** | An craoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí, ar comhlacht neamhspleách reachtúil é. |
| **TG4** | Is é TG4 an craoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí Gaeilge, agus is comhlacht neamhspleách reachtúil é. |

| | |
|---|---|
| **Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ)** | Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ) an 1 Deireadh Fómhair 2009 mar rialálaí neamhspleách le haghaidh craoltóirí raidió agus teilifíse in Éirinn. Tá raon cuspóirí agus feidhmeanna éagsúla ag ÚCÉ. Agus a fheidhmeanna á gcur i gcrích, tá freagracht ar ÚCÉ as a chinntiú go mbíonn a chur chuige i leith rialála réasúnta agus go gcuirtear raon agus cineál na seirbhísí craolacháin in Éirinn san áireamh. Tá freagracht ar ÚCÉ as a chinntiú go mbíonn an rialáil craolacháin cobhsaí. Ina theannta sin, tá ról ag an Údarás i dtaca le forbairt teicneolaíochta a spreagadh san earnáil chraolacháin. |

| COMHLACHT | PRÍOMHRÓL |
|---|---|
| **FUINNEAMH** | |
| **Bord Soláthair an Leictreachais** | Is corparáid reachtúil é BSL a bunaíodh faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927. Is fóntas é BSL atá comhtháite go hingearach agus a ghabhann do ghiniúint, do tharchur, do dháileadh agus do sholáthar leictreachais. Tar éis an tAcht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 2001 a achtú rinneadh scéim scairshealbhaíochta fostaithe 5% a chur i bhfeidhm. |
| **EirGrid plc** | Bunaíodh EirGrid plc chun feidhmiú mar Oibreoir Córais Tarchuir (TSO) neamhspleách, i gcomhréir le ceanglais Threoir an AE maidir le Leictreachas agus tháinig sé chun bheith feidhmiúil mar TSO an 1 Iúil 2006. |
| **Ervia** | Comhlacht leathstáit tráchtála é Ervia atá freagrach as bonneagar agus líonraí náisiúnta an gháis agus an uisce in Éirinn. Aistríodh an fhreagracht as rialachas corparáideach Ervia chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an 24 Samhain 2015. |

| | |
|---|---|
| **An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh** | Tá an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) freagrach as gnóthais fuinnimh a cheadúnú agus a údarú, as sláine soláthairtí leictreachais agus gáis a chinntiú, as rialáil a dhéanamh ar tharaifí áirithe agus as forbairt a dhéanamh ar mhargaí náisiúnta agus réigiúnacha gáis agus leictreachais i gcomhréir lena fheidhmeanna reachtúla agus le ceanglais náisiúnta agus ceanglais AE. Tá an CER freagrach freisin as rialáil a dhéanamh ar shábháilteacht gníomhaíochtaí réamhtheachtacha taiscéalaíochta agus astarraingthe peitriliam. |
| **Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann (INPC)** | Níl aon toilleadh oibríochtúil/fostaithe ag INPC ó díoladh a gnó agus sócmhainní tráchtála (Scaglann an Gheata Bháin agus críochfort stórála Bheanntraí) i mí Iúil 2001. Baineann a gníomhaíochtaí reatha lena cearta agus lena hoibleagáidí faoin gComhaontú Díolacháin agus Ceannaigh a bhaineann leis an idirbheart ó 2001 agus leo sin amháin. |
| **COMHLACHT** | **PRÍOMHRÓL** |
| **Bord na Móna plc.** | Soláthraíonn Bord na Móna táirgí agus seirbhísí atá bunaithe go príomha ar mhóin. Soláthraíonn an Chuideachta táirgí agus seirbhísí eile in earnálacha gnó an chomhshaoil, an fhuinnimh in-athnuaite, na giniúna leictreachais agus an bhainistithe dramhaíola. I mí an Mheithimh 2014, shocraigh an Rialtas oibríochtaí tráchtála Bhord na Móna agus Choillte a chuíchóiriú agus iad a athdhíriú ar na hearnálacha bithfhuinnimh agus fuinneamh gaoithe go príomha.   Dá bharr sin ní mór do Bhord na Móna agus do Choillte tabhairt faoi pháirtchumasc i gceithre phríomhréimse: gaoth; bithmhais; turasóireacht agus áineas; agus seirbhísí roinnte. |

| | |
|---|---|
| **An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta** | Cothaíonn sí stoic straitéiseacha ola de réir oibleagáidí stórála ola an Stáit leis an AE agus leis an nGníomhaireacht Fuinnimh Idirnáisiúnta (IEA), agus riarann sí Scéim Oibleagáidí Bithbhreoslaí na hÉireann. |
| **Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann** | Rinneadh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), ar a dtugtaí SEI, a bhunú sa bhliain 2002 chun forbairt fuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn agus cabhair a thabhairt maidir le forbairt fuinnimh inbhuanaithe. |
| **ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA** | |
| **Iascach Intíre Éireann** | Tá Iascach Intíre Éireann freagrach as an acmhainn iascaigh intíre agus slatiascaireacht mhara, ar fud na tíre, a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú. |
| **An Bord Mianadóireachta** | Bord neamhspleách a bunaíodh faoin Acht Forbairte Minearál 1940, agus é mar fheidhm aige cúiteamh a chinneadh i gcásanna éagsúla. Tá sé de chúram air freisin a chinneadh cé na mianraí a nglacfar leo i gcomhréir le ceart eisiach an Stáit chun mianraí a oibriú faoin Acht sin. |
| **COMHLACHT** | **PRÍOMHRÓL** |

| | |
|---|---|
| **Gníomhaireacht Lochanna an Fheabhail agus Chairlinn agus Coimisiún Soilse na hÉireann** | Is Comhlacht Thuaidh Theas í an Ghníomhaireacht a bunaíodh faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 agus tá sí freagrach as na nithe seo a leanas:<br>(a) forbairt Loch Feabhail agus Loch Cairlinn a chur chun cinn chun críocha tráchtála agus áineasa i leith nithe a bhaineann leis an muir, le hiascach agus le dobharshaothrú;<br>(b) iascach intíre a bhainistiú, a chaomhnú agus a chosaint, a fheabhsú agus a fhorbairt;<br>(c) dobharshaothrú a fhorbairt agus a cheadúnú; agus (d) turasóireacht mhara a fhorbairt. |
| **Suirbhéireacht Ordanáis Éireann** | Soláthraíonn Suirbhéireacht Ordanáis Éireann seirbhísí léarscáilithe d'ardchaighdeán agus faisnéis gheografach ar bhonn náisiúnta. Aistríodh an fhreagracht as Suirbhéireacht Ordanáis Éireann chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an 1 Eanáir 2016. |

## Aguisín F: Comhlachtaí Stát-tionscanta Tráchtála

Ní áirítear cuntais na gComhlachtaí Stát-tionscanta faoina cúram ar chuntais na Roinne. Mar sin féin, bhí an tAire, agus dá bhrí sin an Roinn, freagrach in 2015 thar ceann an Stáit as sé Chomhlacht tráchtála Stát-tionscanta tá sonraí airgeadais i ndáil leis na Comhlachtaí seo ar fáil ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas.

www.anpost.ie

www.esb.ie

www.ervia.ie

Roinn Cumarsáide,
Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
Department of Communications,
Energy & Natural Resources

www.bordnamona.ie

www.rte.ie

www.eirgrid.com

# Aguisín G: Innéacs na nAcrainmneacha

| | |
|---|---|
| AVMS nó SMC | Seirbhísí na Meán Closamhairc |
| BAI nó ÚCÉ | Údarás Craolacháin na hÉireann |
| CACM nó LCBP | Leithdháileadh Acmhainne agus Bainistíocht Cúngaigh |
| CER nó CRF | An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh |
| COMREG | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide |
| DCENR nó RCFAN | An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha |
| DHDA nó GFMD | An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach |
| ESB nó BSL | Bord Soláthair an Leictreachais |
| EuroDIG | Plé Eorpach ar Rialachas an Idirlín |
| EU nó AE | An tAontas Eorpach |
| FCILC nó FCCSÉ | Gníomhaireacht Lochanna an Fheabhail agus Chairlinn agus Coimisiún Soilse na hÉireann |
| GAC nó CCR | Coiste Comhairleach Rialtais |
| GPO nó AOP | Ard-Oifig an Phoist |
| GSI nó SGÉ | Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann |
| HLIG nó GARI | An Grúpa Ardleibhéil ar Rialachas an Idirlín de chuid Choimisiún na hEorpa |
| IANA nó ÚUSI | An tÚdarás um Uimhreacha Sannta Idirlín |
| ICANN nó CIAUS | An Chorparáid Idirlín d'Ainmneacha agus d'Uimhreacha Santa |
| ICGAG nó GCRÁI | An Grúpa Comhairleach ar Rialú Ábhair Idirlín |
| ICT nó TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| INFOMAR | An Tionscadal Náisiúnta um Léarscáiliú Ghrinneall na Farraige |
| INPC nó CNPÉ | Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann |
| I-SEM | An Tionscadal Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite |
| MANs nó GCC | Gréasáin Cheantar Cathrach |
| Mbps | Meigighiotáin sa soicind |
| MW | Meigeavata |

| | |
|---|---|
| NBP nó PLN | An Plean Leathanbhanda Náisiúnta |
| NGA nó CGR | An Chéad Ghlúin eile de Rochtain |
| NDRC nó LNTD | An Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh |
| PCI nó TLC | Tionscadail Leasa Choitinn |
| REFIT nó TCFI | Taraif Chothaithe Fuinnimh In-Athnuaite |
| RTÉ | Raidió Teilifís Éireann |
| SEAI nó ÚFIÉ | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| SEM nó MLA | Margadh Leictreachais Aonair |
| SFI nó FEÉ | Fondúireacht Eolaíochta Éireann / Science Foundation Ireland |
| S.I. nó I.R. | Ionstraim Reachtúil |
| TG4 | Teilifís na Gaeilge |
| TSO nó OCT | Oibreoir Córais Tarchuir |